

**MOLTAÍ MAIDIR LE
PLEAN TEANGA DO CHEANTAR
MHAIGH CUILINN**

**John Walsh, BA, MA, PhD
Hugh Rowland, BA, MA**

**Tuarascáil taighde arna hullmhú ag
Roinn na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
do Chonradh na Gaeilge, Maigh Cuilinn**

Bealtaine 2009

CLÁR NA nÁBHAR

1. Réamhrá	3
1.1 An fhoireann taighde	
1.2 Modheolaíocht	
1.3 Buíochas	
2. Achoimre Fheidhmitheach	6
3. An Polasaí Teanga agus an Phleanáil Teanga mar Choincheapa	8
4. Úsáid na Gaeilge go Náisiúnta	11
5. An Phleanáil Teanga sa Ghaeltacht	12
5.1 An Tionscnamh Pleanála Teanga	
5.2 Gaeilge 2010	
6. Próifíl an Cheantair	18
6.1 Cur síos ginearálta	
6.2 Faisnéis an Daonáirimh	
6.3 Faisnéis Scéim Labhairt na Gaeilge	
6.4 Faisnéis ón Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch	
7. Suirbhéireacht an Cheantair	25
7.1 Plean Ceantair Mhaigh Cuilinn	
7.2 Plean Ceantair na Gaeltachta	
7.3 Suirbhé Chonradh na Gaeilge	
7.4 Staidéar ar Riachtanais Infreastruchtúir Mhaigh Cuilinn	
8. Moltaí do Phlean Teanga an Cheantair	32
8.1 Ionad Tacaíochta Gaeilge	
8.2 Bainisteoir Teanga Lánaimseartha	
8.3 Úsáid na Gaeilge mar theanga bhaile	
8.4 An t-oideachas	
8.5 Úsáid na Gaeilge i measc daoine óga	
8.6 Úsáid na Gaeilge i measc daoine fásta	
8.7 An tírdhreach theangeolaíoch	
8.8 An earnáil phríobháideach	
8.9 An earnáil dheonach agus phobail	
8.10 Cathair na Gaillimhe	
9. Conclúid	40
Liosta tagairtí	41

1. Réamhrá

Ullmhaíodh an tuarascáil seo ar iarratas ó Chraobh Chonradh na Gaeilge, Maigh Cuilinn. I 2007, i gcomhar le Forbairt Phobail Mhaigh Cuilinn, d'fhoilsigh an Conradh suirbhé ar staid na Gaeilge i Maigh Cuilinn, inar léiríodh tacaíocht láidir d'fhorbairt na Gaeilge sa cheantar. Mar thoradh ar an suirbhé sin, is mian leis an gConradh cur isteach ar mhaoiniú stáit chun Bainisteoir Teanga a fhostú, a chuirfeadh bonn faoi na hiarrachtaí deonacha atá ar siúl le fada an lá. Mar a scríobhadh i réamhrá an tsuirbhé:

Caithfear plean forbartha Gaeilge a ullmhú do Mhaigh Cuilinn anois láithreach. Tá todhchaí Gaeltachta Mhaigh Cuilinn ag brath orainn féin mar phobal ar ndóigh, ach caithfear tacaíocht stáit a chur ar fáil chun an pobal a chumasú. Is díol duntais é an easpa tacaíochta don Ghaeilge i Maigh Cuilinn ó na háisíneachtaí stáit le freagracht na Gaeilge. Tá cur chun cinn na Gaeilge i Maigh Cuilinn go dtí seo ag brath go príomha ar an earnáil dheonach. Caithfear maoiniú a chur ar fáil anois chun foireann lánaimseartha a fhostú le plean Gaeilge a fheidmiú agus freisin chun na háiseanna eile atá ag teastáil a chur ar fáil (CnaG/FPMC, 2008: 3).

Tá Bainisteoirí (Áisitheoirí) Teanga fostaithe i roinnt ceantar eile faoin Tionscnamh Pleanála Teanga de chuid na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (féach rannóg 5.1 thíos). I 2008, d'iarr an Conradh ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, moltaí a chur le chéile maidir le Plean Teanga do Mhaigh Cuilinn. Is iad na moltaí sin atá sa tuarascáil seo. Tá sé tugtha le fios ag an Roinn gur réamhchoinníoll é Plean Teanga dá leithéid d'aon eagraíocht a dteastódh uaithe Bainisteoir Teanga a fhostú go háitiúil.

Réamh-mholtaí atá sa tuarascáil seo, ní moltaí deifnídeacha. Ba mhaith an mhaise don Bhainisteoir Teanga, nuair a d'fhostófaí é/í, breis taighde a dhéanamh maidir le mianta phobal Mhaigh Cuilinn i leith na Gaeilge. Is gá taighde leanúnach chun dearcadh pobal ar bith i leith na dteangacha a úsáideann siad a mheas. Ba cheart a thuiscint chomh maith go mbeidh feidhmiú na réamh-mholtaí seo ag brath ar Bhainisteoir Teanga lánaimseartha a bheith fostaithe agus lonnaithe sa cheantar. Ní bhainfear amach aidhmeanna na tuarascála seo go héifeachtach gan an bunriachtanas sin a bheith comhlíonta.

1.1 An fhoireann taighde

Léachtóir le Gaeilge i Roinn na Gaeilge, Scoil na dTeangacha, na Litríochta agus na gCultúr é **An Dr. John Walsh**. Tá sé freagrach go príomha as cúrsaí sa tsochtheangeolaíocht a

mhúineadh ag leibhéal na bunchéime agus na hiarchéime. Tá dochtúireacht aige ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath faoi thionchar na Gaeilge ar fhorbairt shocheacnamaíoch na hÉireann. Roimhe sin, rinne sé céim MA sa Léann Idirnáisiúnta (Socheolaíocht, Polaitíocht, Dlí) san ollscoil chéanna. Tá céim BA sa Ghaeilge agus sa Bhreatnais aige ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Roimhe seo, d'oibrigh sé mar léachtóir le Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, leis an mBiúró Eorpach do Theangacha Neamhfhorleathana sa Bhruiséil agus mar iriseoir le RTÉ agus TG4. Ar na spéiseanna taighde atá aige tá an reachtaíocht teanga, polasaí teanga i gcás na Gaeilge, saothrú na téarmaíochta do mhionteangacha, meáin chumarsáide do mhionteangacha agus teanga agus forbairt shocheacnamaíoch. Foilsíodh a leabhar *Díchoimisiúnú Teanga: Coimisiún na Gaeltachta 1926* (Baile Átha Cliath, Cois Life) i 2002 agus foilseoidh Peter Lang leabhar nua uaidh, *The Irish Language and Ireland's Socio-Economic Development: Contexts and Contests*, i 2010. Tá go leor alt agus páipéar taighde foilsithe aige chomh maith.

Ó Chontae Mhaigh Éo ó dhúchas do **Hugh Rowland**. Rinne sé BA sa Ghaeilge agus in Eolaíocht an Dlí in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tá LLB agus MA sa Nua-Ghaeilge aige ón ollscoil chéanna. Ar na spéiseanna taighde atá aige tá an reachtaíocht teanga. Faoi láthair, is Teagascóir Teanga agus Cúntóir Taighde é i Roinn na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

1.2 Modheolaíocht

Is tuarascáil cháilíochtúil í seo den chuid is mó. Tá gné bheag chainníochtúil i gceist le suirbhé an cheantair, ach den chuid is mó tá sí bunaithe ar anailís cáipéisí agus agallaimh leathstruchtúrtha.

Ar iarratas ó Chonradh na Gaeilge, bunaíodh an tuarascáil taighde seo sa chéad áit ar thorthaí an tsuirbhé faoi staid na Gaeilge i Maigh Cuilinn. Anuas air sin, scrúdaíodh an cháipéisíocht eile ar fad a bhain le forbairt an cheantair, idir fhorbairt infreastruchtúrtha agus phleanáil fhisiciúil. Scrúdaíodh cáipéisíocht a bhaineann leis an bpolasaí Gaeltachta chomh maith. Cuireadh agallaimh ar fheidhmeannaigh de chuid na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta. Cuireadh agallaimh ar sheisear Áisitheoirí Teanga atá fostaithe cheana i gceantair eile Ghaeltachta faoin Tionscnamh Pleanála Teanga. Roghnaíodh ceantair a raibh an phróifíl chéanna teanga acu, a bheag nó a mhór, agus atá ag Maigh

Cuilinn. Tugadh cuairteanna taighde ar Mhaigh Cuilinn chomh maith chun an tírdhreach teangeolaíoch a mheas. Ní rabhthas in ann taighde cuimsitheach páirce eile a dhéanamh de cheal maoinithe.

1.3 Buíochas

Ba mhaith le heagarthóir na tuarascála seo buíochas a ghabháil le Peadar Mac Fhlannchadha, Rúnaí Chraobh Mhaigh Cuilinn de Chonradh na Gaeilge as maoiniú a chur ar fáil don taighde seo. Gabháim buíochas ar leith le Hugh Rowland, MA a fostaíodh mar Chúntóir Taighde agus a thiomsaigh an fhaisnéis go cúramach agus go cumasach. Tá buíochas tuillte ag na hÁisitheoirí Teanga agus ag na hagallaithe eile, agus ag foireann Ghaelscoileanna Teo., go háirithe Nóra Ní Loingsigh, Leas-Phríomhfheidhmeannach, as eolas breise a chur ar fáil faoin oideachas lán-Ghaeilge.

2. Achoimre fheidhmitheach

Baineann an tuarascáil seo go príomha leis an bpleanáil teanga i Maigh Cuilinn. An phríomhaidhm atá aici ná sraith moltaí a chur faoi bhráid Chonradh na Gaeilge maidir le plean teanga an cheantair. Anuas air sin, pléifear na dualgais agus na cúraimí a bheadh ar an mBainisteoir Teanga agus an plean teanga sin á chur i bhfeidhm aige/aici.

Sula dtabharfar aghaidh ar Mhaigh Cuilinn féin ciorfar cúlra na pleanála teanga agus staid na Gaeilge in Éirinn, ionas gur féidir na patrúin náisiúnta a thuiscint agus iad a chur i bhfeidhm ar Mhaigh Cuilinn de réir mar is cuí. Bainfear úsáid as iliomad foinsí chun an cúlra náisiúnta a leagadh síos. Ina measc beidh faisnéis an Daonáirimh, faisnéis Scéim Labhairt na Gaeilge agus faisnéis ón *Staidéar Cuimsitheach ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht*. Lena chois sin, bainfear úsáid as roinnt foinsí chun próifíl teanga Mhaigh Cuilinn a mheas, mar shampla suirbhé Chonradh na Gaeilge, suirbhé Chumann Forbartha Mhaigh Cuilinn, faisnéis an Daonáirimh agus faisnéis Scéim Labhairt na Gaeilge faoi seach.

Pléifear an polasaí teanga agus an phleanáil teanga mar choincheapa. Sa rannóg sin déanfar idirdhealú idir an polasaí teanga agus an phleanáil teanga. Cuirfear béim ar an bpleanáil teanga, áfach, toisc go mbaineann sí sin go díreach le hábhar na tuarascála seo. Is éard atá i gceist leis an bpleanáil teanga i gcomhthéacs Mhaigh Cuilinn ná an idirghabháil a d'fhéadfaí a dhéanamh chun dul i bhfeidhm ar nósmaireachtaí teanga an phobail sin d'fhonn an Ghaeilge a láidriú.

Tá dhá eagraíocht stáit freagrach as an bpleanáil teanga a chur chun cinn sna ceantair Ghaeltachta. Is iad sin an Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta. Tá dhá mhodh dhifriúla na heagraíochtaí seo chun an 'idirghabháil' a pléadh thuas a dhéanamh. Titeann an Tionsnamh Pleanála Teanga (TPT) faoi scáth na Roinne agus titeann an scéim 'Gaeilge 2010' faoi scáth an Údaráis. Cuireadh agallamh ar oifigigh na Roinne/an Údaráis chun an chuid deo den taighde a chur i gcrích. Lena chois sin cuireadh roinnt Áisitheoirí Teanga a ceapadh faoin TPT faoi agallamh chomh maith. Rinneadh an obair seo i measc na gceantar lag Gaeltachta ionas go bhféadfaí na torthaí a úsáid i gcás Mhaigh Cuilinn.

Pléann cuid den taighde thuas comhthéacs sochtheangeolaíoch i bhfad níos leithne ná Maigh Cuilinn. Tá an cur síos uileghabhálach sin ag teastáil ionas gur féidir sraith moltaí a chur le chéile agus na moltaí sin a mhúnlú ar bhealach a bheadh ag teacht le próifíl teanga Mhaigh Cuilinn. An príomh-mholadh a eascraíonn as an taighde seo ná bunú Ionad Tacaíochta Gaeilge, áit a mbeadh Ionad Seirbhísí Teanga agus an Bainisteoir Teanga lonnaithe. Bheadh neart fosheirbhísí le fáil anseo chomh maith, mar shampla ranganna Gaeilge, club óige agus comhairle do dhaoine a dteastaíonn uatha a gclann a thógáil le Gaeilge.

3. An polasaí teanga agus an phleanáil teanga mar choincheapa.

Tháinig borradh suntasach faoin tsuim a cuireadh i gceisteanna na pleanála teanga agus an pholasaí teanga (PPT) ag deireadh an 20ú haois. Leathnú rábach an Bhéarla mar theanga dhomhanda agus bascadh na gcéadta teanga bheag nó bhundúchasach ba chúis leis an mborradh sin (Hornberger, 2006: 24). I ré seo an domhandaithe, is minic a chaitear anuas ar iarrachtaí chun tacú lena leithéid de theangacha. Creidtear nach fiú nó nach féidir iad a shábháil. Os a choinne sin, is minic a áitíonn lucht labhartha na mionteangacha go bhfuil todhchaí a dteanga agus a gcultúir ag brath ar fheachtais ar son cearta teanga agus éagsúlachta teanga, agus gur gá an éagsúlacht a chosaint ar an aonchineálacht. Tá an dioscúrsa seo ag éirí níos coitianta i gcás na Gaeilge, agus is minic a dhéantar comparáid le ceantair nó tíortha dátheangacha nó ilteangacha (féach, mar shampla, Cronin, 2005; Crystal, 2000; May, 2004; McCloskey, 2001; Mac Síomóin, 2005 & 2006; Walsh, 2004; Ethnologue, 2004; Federation of Endangered Languages, 2004).

Is minic a úsáidtear na téarmaí ‘polasaí teanga’ agus ‘pleanáil teanga’ go hidirmhalartaithe agus is iomaí díospóireacht a bhíonn ann faoi cé acu is cúis leis an gceann eile, nó an ann d’idirdealú soiléir eatartha (Hornberger, 2006: 25; Grin, 2003: 28; LeBlanc, 2003; Ó hIfearnáin, 2006). Sa tuarascáil seo, is éard a thuigtear le ‘polasaí teanga’ ná aidhmeanna ginearálta teanga a aithníonn nó a fhógraíonn institiúidí (rialtais den chuid is mó ach institiúidí sóisialta eile chomh maith), ach is éard a thuigtear le ‘pleanáil teanga’ ná na bearta sonracha idirghabhála a dhéanfar chun na haidhmeanna a chur i gcrích (Walsh, 2006a).¹ Sa tuarascáil seo, beifear ag déanamh moltaí maidir leis an idirghabháil a d’fhéadfaí a dhéanamh ag an leibhéal áitiúil i Maigh Cuilinn.

Laistigh den PPT, moladh iliomad múnlaí éagsúla chun anailís a dhéanamh ar mheath agus ar athneartú teangacha atá faoi bhagairt (féach, mar shampla, Kaplan & Baldauf, 1997; Spolsky, 2004; Ricento, 2006). Ina shaothar clasaiceach (1989), d’aithin Cooper trí chineál pleanála: *an phleanáil stádais* (aitheantas rialtais nó oifigiúil don teanga/do na teangacha); *an phleanáil chorpais* (cruthú téarmaíochta, cóiriú na gramadaí srl.) agus *an phleanáil sealbhaithe* (múineadh, foghlaim agus sealbhú na teanga nó na dteangacha). Is iomaí údar a leasaigh an

¹ Tugann údair áirithe ‘beartas teanga’ ar ‘language policy’ i nGaeilge (mar shampla Ó hIfearnáin, 2006). Beartaíodh cloí leis an téarma ‘polasaí teanga’ sa tuarascáil seo. Tá an dá théarma, ‘beartas’ agus ‘teanga’ faofa ag an gCoiste Téarmaíochta (féach www.focal.ie).

rangú seo ó shin, agus dhírigh roinnt díobh ar bhearta sonracha chun staid mionteangacha a láidriú, ‘an t-aisiompú teanga’ (*reversing language shift*) mar a thug Fishman air (1991 & 2000; féach chomh maith LeBlanc, 2003).

In ainneoin nach mbítear cinnte i gcónaí faoin idirdhealú idir na coincheapa seo, is féidir a áiteamh go réasúnta gurb ionann an toradh a bhítear á lorg: athrú de shórt éigin ar staid sochtheangeolaíoch éigin. In Éirinn faoi láthair, is é láidriú staid na Gaeilge an t-athrú is mian le lucht déanta polasaí a chur i gcrích go hoifigiúil, ach dar ndóigh, baineadh úsáid as an bpleanáil teanga san am a caitheadh chun an Ghaeilge a bhrú faoi chois agus chun an Béarla a chur chun cinn (féach Crowley, 2000). Ní gá ach an oiread gurb ionann an polasaí oifigiúil teanga (follasach) agus an fíorpholasaí (neamhfollasach), mar a mheabhraíonn Shohamy dúinn (2006). Áitíonn Spolsky go bhfuil trí chuid sa pholasaí teanga: (1) an cleachtas teanga; (2) na creidimh i leith na teanga agus (3) an bhainistíocht a dhéantar ar an gcleachtas agus ar na creidimh sin (2004).

Is saothar tábhachtach ar an PPT i gcomhthéacs na hanailíse ar an bpolasaí poiblí é múnla François Grin a dhéanann measúnú ar pholasaí teanga (2003). Úsáideann Grin an Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnda agus Mionlaigh chun an múnla a thástáil. Déanann sé measúnú ar rathúlacht polasaithe, feidhmiú polasaithe, tionchar polasaithe ar iompar teanga agus a dtionchar ar bheocht theangacha réigiúnda agus mionlaigh (TRM) (2003: 47). Seasann Grin le hidirghabháil an stáit ar son TRM toisc go dteipeann ar an margadh i gcásanna mar sin, dar leis, agus toisc gur ‘maith phoiblí’ atá i dteanga (2003: 35-6). Áitíonn sé go bhféadfaí bunaidhm na Cairte a thuiscint mar iarracht chun seachadadh na teanga ó ghlúin go glúin a athchruthú agus a chaomhnú (*‘restoring and maintaining a self-priming mechanism of language reproduction’* (2003: 42, cló iodálach sa bhunchóip). Tugann sé foláireamh, áfach, nach féidir toradh mar sin a bhaint amach gan trí choinníoll a chomhlíonadh: go dtugtar *cumas* do chainteoirí na teanga an teanga a fhoghlaim; go dtugtar *deis* dóibh í a úsáid; agus go mbíonn *fonn* orthu í a úsáid (2003: 43-4). Molann Grin go ndéanfaí measúnú ar pholasaithe bunaithe ar a n-éifeachtúlacht, a gcostas, a n-éifeachtúlacht chostais agus a n-impleachtaí don daonlathas.

Cé nach féidir múnla Grin a phlé go mion sa tuarascáil seo, baineann luach as cuimse lena mhúnla measúnaithe chun staid reatha an PPT in Éirinn a mheas. Tá luach eile ag roinnt leis chomh maith: cuirtear béim láidir ar *aidhmeanna beachta* an PPT: gan tuiscint ghléineach a

fháil ar na haidhmeanna beachta sin agus ansin modhanna cuí a fhorbairt chun iad a chomhlíonadh, ní chuirfear na haidhmeanna i gcrích. Tá soiléire agus beachtas na n-aidhmeanna ríthábhachtach ag an leibhéal áitiúil chomh maith, dar ndóigh.

4. Úsáid na Gaeilge go náisiúnta

Roimh dúinn aghaidh a thabhairt ar Mhaigh Cuilinn féin, is mithid staitistíocht reatha na Gaeilge a phlé go hachomair. Dar le Daonáireamh 2006, dúirt 40.8 faoin gcéad de dhaonra na Poblachta, nó 1.65 milliún duine, go raibh ‘Gaeilge labhartha’ acu. Tá méadú mór le feiceáil i líon na ndaoine a mhaíonn go bhfuil an Ghaeilge ar a dtoil acu ó bunaíodh an stát, cé go gcreidtear nach cainteoirí gníomhacha, líofa ná cumasacha iad cuid mhaith díobh (An Phríomh-Oifig Staidrimh [POS], 2008a, Tábla 2; Ó Riagáin & Ó Glisáin, 1994).

Ó 1996 i leith, cuireadh ceist bhreise ar fhoirm an Daonáirimh a thugann eolas breise dúinn faoi mhinicíocht úsáide (go laethúil, go seachtainiúil, ní chomh minic sin agus riamh) agus ó 2006 i leith, déantar idirdhealú idir cainteoirí laethúla Gaeilge laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais. I 2006, mhaígh 11.2 faoin gcéad, nó 453,207 duine gur labhair siad an Ghaeilge go laethúil laistigh den chóras oideachais. Ní dúirt ach 72,148 duine, nó 1.8 faoin gcéad den daonra, gur labhair siad an Ghaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais (POS, 2008a: Táblaí 6, 35 & 36). Tugann an fhaisnéis seo léargas níos fearr ar chroíphobal na Gaeilge go náisiúnta ná mar a thugann lomfhigiúr an 1.65 milliún a mhaíonn go bhfuil cumas acu inti.

Tá leibhéal cumas agus úsáide na Gaeilge sa Ghaeltacht i bhfad níos airde ná na figiúirí náisiúnta. Maíonn móramh mór d’áitritheoirí na Gaeltachta (64,265 nó 70 faoin gcéad) go bhfuil cumas Gaeilge acu. Labhraíonn 22,515 duine nó 24.5 faoi gcéad díobh an Ghaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais, agus labhraíonn 13,982 duine nó 15.2 faoin gcéad go laethúil laistigh den chóras oideachais amháin í. Tá éagsúlacht mhór sna figiúirí seo ó Ghaeltacht go Gaeltacht, dar ndóigh, ach tríd is tríd tá céatadán na gcainteoirí Gaeilge sa Ghaeltacht ag titim (POS, 2008a: Táblaí 7A, 37A & 38A). Pléifear staid na Gaeilge i Maigh Cuilinn faoi rannóg 6 thíos.

5. An phleanáil teanga sa Ghaeltacht: an Tionscnamh Pleanála Teanga agus Gaeilge 2010.

Agus an tuarascáil seo á scríobh, bhí cúraimí pleanála teanga ar an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus ar Údarás na Gaeltachta araon, cé go raibh an dá eagraíocht ag plé le gnéithe difriúla den phleanáil teanga. Baineann an ‘Tionscnamh Pleanála Teanga’ (TPT) leis an Roinn agus an scéim ‘Gaeilge 2010’ leis an Údarás. Tá sé d’aidhm ag an rannóg seo den tuarascáil an dá scéim seo a idirdhealú óna chéile.

5.1 An Tionscnamh Pleanála Teanga

D’fhógair an Roinn an Tionscnamh Pleanála Teanga i 2004, mar thoradh ar an gcáineadh a rinneadh uirthi i dtuarascáil Choimisiún na Gaeltachta, 2002 (Coimisiún na Gaeltachta, 2002: 17; féach chomh maith Walsh, 2006b: 275). Thug an Roinn cuireadh d’eagraíochtaí áitiúla pobail sa Ghaeltacht iarratais a dhéanamh ar mhaoiniú chun Bainisteoir nó Áisitheoir Teanga a cheapadh ina gceantair féin. Maoiníodh tionscadail ar luach €1.56 thar thréimhse trí bliana ar bhonn píolótach (An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta, 2004). Dar leis an Roinn, tá sé d’aidhm ag an TPT na hÁisitheoirí Teanga seo a threorú agus a stiúradh chun plean teanga a chur i bhfeidhm ina gceantair fheidhme. Cé gur tréimhse trí bliana a bhí i gceist ar dtús, agus an tuarascáil seo á scríobh bhí an TPT fós ag feidhmiú. Bhí roinnt de na Bainisteoirí mall ag tosú i mbun oibre agus cé go raibh cuid dá gconarthaí ag teacht chun deiridh ag deireadh 2008, beidh síneadh eile acu go dtí deireadh 2009. Creideann an Roinn gurb í aidhm an TPT dualgas na pleanála teanga a aistriú chuig na pobail iad féin. An sainmhíniú a rinne an Roinn ar an bpleanáil teanga ná na céimeanna nó an idirghabháil is gá don phobal a dhéanamh le cinntiú go seachadfar an Ghaeilge ón nglúin seo go dtí an chéad ghlúin eile. Tá an Roinn ag iarraidh na pobail a oiliúint tríd an scéim phíolótach seo ionas go dtuigfí go mbaineann tábhacht thar na bearta le nósmaireachtaí teanga a chothú agus/nó a athrú sa Ghaeltacht. Is chuige sin a cheapadh Áisitheoirí Teanga in ocht gceantar agus go bhfuil sé de dhualgas orthu plean teanga a dhréachtú agus a chur i bhfeidhm trí ‘ghníomhaíochta oiriúnacha teangabhunaithe’ a eagrú sa phobal. Tá triúr Áisitheoirí ceaptha i gContae Dhún na nGall (Gaoth Dobhair, Gleann Cholm Cille, Ros Goill), triúr i gContae na Gaillimhe (Cois Fharráige, Árainn, Dúiche Sheoigheach), duine i gContae na Mí (Rath

Chairn) agus duine i gContae Phort Láirge (An Rinn agus an Seanphobal) (Mac Thómais, 2008).

Mar chuid den taighde seo, cuireadh agallaimh ar sheisear Áisitheoirí Teanga atá ag feidhmiú cheana féin faoin TPT. Cuireadh agallamh ar bheirt i gCo. na Gaillimhe (Árainn agus Dúiche Sheoigheach), beirt i gCo. Dhún na nGall (Ros Goill agus Gleann Cholm Cille), duine i gContae Phort Láirge (An Rinn agus an Seanphobal) agus duine i gContae na Mí (Rath Chairn). Tá liosta iomlán na n-ainmneacha agus sonraí faoi na hagallaimh le fáil i liosta na dtagairtí ar chúil na tuarascála seo. Ní chuirtear tuairimí Áisitheoir Teanga Árainn san áireamh anseo toisc gur ceantar láidir Gaeltachta é sin. Tá na ceantair eile ar fad i bhfad níos laige ó thaobh na Gaeilge agus is mó a gcosúlacht le Maigh Cuilinn.

Dar le hÁisitheoir Teanga na nDéise, Cabríní de Barra, tá sé cinn de phríomhaidhmeanna ag an bplean teanga áitiúil: (1) bonneagar tacaíochta teanga a fhorbairt; (2) bunseirbhísí a bheith ar fáil trí Ghaeilge; (3) timpeallacht Ghaeilge a threisiú; (4) cumas cumarsáide na hóige a fhorbairt; (5) an teanga a fhorbairt i measc daoine fásta agus (6) fostaíocht agus fiontair a bhunú ar an teanga. Bíonn sí i dteagmháil rialta le hÁisitheoirí Teanga eile chun smaointe a mhalartú agus comhairle a lorg. Obair uaigneach agus dheacair í go minic, dar léi agus is gá breis oiliúna a chur ar fáil. Molann sí an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta dá dtacaíocht leanúnach. Tá bunú Ionad Tacaíochta Teaghlaigh mar phríomhthosaíocht sa cheantar. Faoi láthair, eagraítear imeachtaí sóisialta trí Ghaeilge le béim ar leith ar dhaoine óga, reáchtáiltear comórtas amhraíochta a tharraingíonn ar oidhreacht shaibhir cheoil an cheantair, cuirtear raidhse ranganna Gaeilge ar siúl agus déantar fógraíocht ar an bplean trí alt ar an nuachtán áitiúil agus tríd an suíomh gréasáin www.deise.ie (de Barra, 2009).

Dar le hÁisitheoir Teanga Ros Goill, Fiona Pasoma, tá dúshlán mór rompu mar go bhfuil an Ghaeilge an-lag sa cheantar. Mar sin féin, tá cuid mhaith curtha i gcrích ag an gcoiste áitiúil. Tá naíonra nua lán-Ghaeilge ar bun agus eagraítear imeachtaí iarscoile do naíonáin mhóra agus bheaga. Reáchtáiltear oícheanta sóisialta, ranganna ceoil agus drámaíochta ó cheann ceann na bliana agus campaí samhraidh nuair a bhí laethanta saoire na scoile ann. Le tamall anuas, táthar ag díriú ar bholscaireacht a dhéanamh le tuismitheoirí an cheantair faoi thábhacht na Gaeilge. Déantar fógraíocht leanúnach trí bhileoga, póstaerí agus RTÉ Raidió na Gaeltachta. Aistríodh cuid mhaith comharthaí príobháideacha go Gaeilge. Tá inní ar

Pasoma faoi thodhchaí an phlean má thránn tobar an mhaoinithe agus dar léi go dteastaíonn breis oiliúna ó na hÁisitheoirí Teanga (Pasoma, 2009).

Dar le hÁisitheoir Teanga Dhúiche Sheoigheach, Maggi Nic Síomóin, tá tábhacht mhór ag baint le gníomhaíochtaí a chur ar bun do dhaoine óga. Reáchtáiltear clubanna óige trí Ghaeilge agus cuireadh club tumadóireachta ar bun i nGaeilge i 2008 i gcomhar le Coláiste Spleodar atá ag feidhmiú sa cheantar. Tá scéim ar bun faoi láthair chun seanfhocail an cheantair a bhailiú agus cuireadh pacáistí chuig naíonraí agus bunscoileanna an cheantair ina raibh dlúthdhioscaí agus leabhair Ghaeilge. Dúshlán is ea é nach bhfuil an oiread sin Gaeilge in úsáid sna bunscoileanna áitiúla taobh amuigh de Chorr na Móna. Dúshlán eile is ea go bhfuil an ceantar féin chomh mór sin agus chomh héagsúil sin ó thaobh teanga: cé go bhfuil an Ghaeilge láidir go leor i gCorr na Móna, tá sí an-lag ar an bhFairche. Is dóigh léi gur gá breis tacaíochta don Áisitheoir Teanga a bheadh ag obair i gceantar mór a bhfuil éagsúlacht theangeolaíoch ann agus gur gá breis oiliúna chomh maith (Nic Síomóin, 2009).

Dar le Gearóid Breathnach, Áisitheoir Teanga Rath Chairn, is é an teaghlach an chéad réimse a gcaithfear díriú air. Bíonn sé de chúram air bualadh le teaghlaigh agus comhairle faoi rogha teanga a chur ar mháithreacha nó ar mhná atá ag súil le páistí. Bíonn dianchúrsa Gaeilge ar fáil atá dírithe ar thuismitheoirí agus reáchtáiltear grúpa máithreacha chomh maith. Foilseofar leabhrán faoi úsáid na Gaeilge sa bhaile go luath. Tá club iarscoile ann agus fostaítear cúntóir teanga sa bhunscoil áitiúil. Go deimhin, chuir Breathnach an-bhéim ar fad ar an óige le linn an agallaimh. Tá ‘Ionad Buail Isteach’ do dhéagóirí bunaithe aige, ina bhfuil áiseanna do dhéagóirí agus ina gcuirtear riail na Gaeilge i bhfeidhm. Dar leis go bhfuil ag éirí go han-mhaith leis. Scéim eile atá ar bun aige ná tacaíocht phearsanta le foghlaim teanga: tar éis deich seachtainí de ranganna Gaeilge, cuirtear gach foghlaimeoir ag obair le cainteoirí líofa. Caitheann na cainteoirí líofa sin suas le deich n-uaire a chloig sa tseachtain leis na foghlaimeoirí go ceann ceithre mhí tar éis na ranganna foirmiúla. Chomh maith leis sin, rinneadh suirbhé faoi úsáid na Gaeilge agus dearcadh ina leith ar 260 teach i Rath Chairn. Tá Breathnach freagrach as Gaeltacht Bhaile Ghib chomh maith, ach tá an obair níos dúshlánaí ansiúd. Tá Breathnach buartha faoi thodhchaí na scéime murar féidir maoiniú a chur ar fáil. Dar leis go dteastaíonn breis oiliúna ó na hÁisitheoirí Teanga ach is gá an oiliúint sin a bheith ar fáil in aice láimhe (Breathnach, 2009).

Dar le Caitríona Nic Seoin, Bainisteoir Teanga Ghleann Cholm Cille agus Chill Chárthaigh, is é an dúshlán is mó a bhaineann leis an gceantar ná na réimsí úsáide teanga atá fágtha inti a choinneáil, agus an fheidhm atá ag an nGaeilge sna réimsí sin a bhuanú agus a chothabháil. Tá go leor i gceist le dualgais an Bhainisteora. Caithfear anailís a dhéanamh ar do phobal féin: cén staid teanga ina bhfuil siad, cén áit ina bhfuil an teanga fós ar fáil, cad atá de dhíth leis na réimsí sin a choinneáil slán, cén cineál dearcadh atá ag an bpobal orthu féin agus a dteanga agus an féidir tógáil ar an dearcadh sin? Nuair a tuigeann an Bainisteoir an cás, ansin caithfear tuiscint an phobail a mheas agus iad a chur ar an eolas faoi na dúshláin. Dar léi, caithfear a bheith ábalta aird an phobail a dhíriú ar an ngéarchéim teanga atá ann, ach gan iad a scanradh ná neamhaird a chothú ina measc. Ansin nuair atá tuiscint ag an bpobal ar an dúshlán, agus más rud é go bhfuil siad sásta tabhairt faoin dúshlán, caithfear iad a spreagadh agus tacú leo. Creideann Nic Seoin go bhfuil an oiliúint an-tábhachtach toisc gur coincheap nua atá sa phleanáil teanga, dar léi. Tá sí ag gabháil de chúrsa MA sa Phleanáil Teanga in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, faoi láthair. Maidir le gníomhaíochtaí, nuair a cuireadh an bunriarratas isteach ar an scéim TPT, agus sa phlean teanga a d'eascair as sin, bhí na gníomhaíochtaí bunaithe den chuid is mó ar imeachtaí ina mbeadh an teanga á húsáid, mar shampla ciorcal comhrá, ranganna, obair leis na scoileanna, imeachtaí iarscoile agus mar sin. Anois feictear di go bhfuil gníomhaíochtaí níos bunúsáí ná sin de dhíth agus go gcaithfear ar dtús díriú ar an nGaeilge sa bhaile agus ar na teaghlaigh atá ag tógáil a gclainne le Gaeilge. Dá bhrí sin tá athrú teorach ag teacht ar an scéim in iardheisceart Thír Chonail agus ní bheifear ag díriú an oiread sin ar imeachtaí amach anseo. Is údar imní do Nic Seoin todhchaí na scéime chomh maith leis na hÁisitheoirí Teanga eile. Is scéim phíolótach í seo, dar léi, agus is deacair a rá cad a tharlódh di nuair a bheidh na trí bliana thart. Mura bhfuil airgead ar fáil chun pleanálaithe teanga lánaimseartha a fhostú sa Ghaeltacht, is léir go mbeidh deacrachtaí ag na pobail sin. Cé go bhfuil ról lárnach ag an obair dheonach i ngach gné den saol, nuair atáthar ag plé le cúrsaí teanga, caithfidh daoine a bheith oilte ar an gceist agus a thuigeann cad atá le baint amach. Tá stiúradh de dhíth sna pobail seo, agus ní dóigh le Nic Seoin gur leor dea-thoil agus dearcadh na ndaoine amháin chun an tionscnamh seo a stiúradh (Nic Seoin, 2009).

Is léir mar sin go bhfuil cosúlachtaí láidre idir obair na nÁisitheoirí Teanga, cé go bhfuil éagsúlacht san obair chomh maith céanna. Leagtar an-bhéim ar imeachtaí do dhaoine óga agus ranganna Gaeilge i go leor de na ceantair, agus cinntítear go bhfuil comharthaíocht i nGaeilge le feiceáil go poiblí. I roinnt cásanna, leagtar níos mó béime ar spreagadh na

Gaeilge sa teaghlach, go háirithe sna cásanna ina bhfuiltear ag tógáil na clainne le Gaeilge. Bhí na hÁisitheoirí Teanga ar fad inmíoch faoi thodhchaí an TPT agus faoin éiginnteacht mhaoinithe. Tá duine amháin acu ag déanamh cúrsa ollscoile sa phleanáil teanga, ach theastaigh ó gach duine díobh go gcuirfí níos mó oiliúna ar fáil dóibh go háitiúil chun tacú leo ina gcuid oibre.

5.2 Gaeilge 2010

Baineann Gaeilge 2010 le réimsí cumhachta Údarás na Gaeltachta. Faoin scéim seo cuireann an tÚdarás maoiniú ar fáil do cheantair Ghaeltachta ina bhfuil eagraíocht phobail – comharchumann nó a leithéid – ag feidhmiú cheana féin chun Ionad Seirbhísí Teanga a bhunú. Is í aidhm na n-ionad seo ranganna Gaeilge a chur ar fáil sna ceantair Ghaeltachta sin agus go dtairgfí cáilíocht oifigiúil sa Ghaeilge ó Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, an Teastas Eorpach sa Ghaeilge. Is í an aidhm atá leis seo go mbeidh ionad lárnach ar fáil don phobal a bheidh ar oscailt go laethúil i rith uaireanta oibre ionas go bhféadfaí bualadh isteach ann go rialta chun fiosrú faoi na seirbhísí a chuirtear ar fáil ann. Tá 32 Ionad Seirbhísí Teanga á maoiniú ag an Údarás faoi láthair. Seirbhís bhreise é an t-ionad a thacaíonn leis na gnáthsheirbhísí a sholáthraíonn an eagraíocht phobail cheana féin. Cuirtear seomra(í) ar leith ar fáil do theagasc agus d'fhoghlaim na Gaeilge, arna gcóiriú go hardchaighdeán agus in oiriúint do ranganna foirmiúla chomh maith le seisiúin chomhrá. Cuirtear acmhainní tacaíochta foghlama ar fáil chomh maith. Ní gá do cheantar suirbhé teanga, plean teanga ná Áisitheoir Teanga a bheith acu chun cur isteach ar mhaoiniú d'Ionad Seirbhísí Teanga.

Dar le Ó hIfearnáin (cumarsáid phearsanta) go ndearnadh mórshuirbhé teanga faoi Ghaeilge 2010 i 28 bpobal Gaeltacht chun iad a spreagadh le plean teanga a dhréachtú. Is pobail iad sin nár chuir isteach ar an TPT, nó nár éirigh leo maoiniú an TPT a fháil. Is cosúil go bhfuil dhá chuid, mar sin, sa scéim Gaeilge 2010: ar láimh amháin, tá Ionaid Sheirbhísí Teanga ag feidhmiú i 32 phobal agus ar an láimh eile tá an tÚdarás ag iarraidh na pobail nár éirigh leo maoiniú a fháil faoin TPT a spreagadh chun pleananna teanga dá gcuid féin a chur le chéile. Thug roinnt pobal faoi dhréachtú pleananna teanga go deonach ach dá mbeidís ag iarraidh na pleananna sin a chur i bhfeidhm ba ghá maoiniú cosúil le leithéidí an TPT. Mar a dúradh i rannóg 1 thuas, baineann an coinníoll céanna leis an tuarascáil seo faoin Mhaigh Cuilinn.

Ó thaobh an mhaoinithe de, tá an TPT agus Gaeilge 2010 neamhspleách ar a chéile ach ina ainneoin sin tá cuid de na hÁisitheoirí Teanga a ceapadh faoin TPT ag feidhmiú mar cheannairí/stiúrthóirí na nIonad Seirbhísí Teanga sna ceantair ina n-oibríonn siad. Mar shampla, tá Áisitheoirí Teanga Ros Goill, Chois Fharráige agus Árann i bhfeighil ar na hIonaid Sheirbhísí Teanga faoi Ghaeilge 2010 chomh maith. Is cosúil, mar sin, go bhféadfadh eagraíocht phobail cur isteach ar mhaoiniú ón Roinn dá dteastódh uathu Áisitheoir Teanga a cheapadh agus cur isteach ar mhaoiniú ón Údarás dá dteastódh uathu Ionad Seirbhísí Teanga a bhunú chomh maith. D'fhéadfadh an dá sheirbhís a bheith lonnaithe ar an aon suíomh amháin. Mar sin, cé go bhfuil an TPT agus Gaeilge 2010 neamhspleách ar a chéile ó thaobh riaracháin de, tacaíonn an TPT agus Gaeilge 2010 lena chéile toisc go bhfuil cúraimí pleanála teanga ar an Roinn agus an tÚdarás araon.

I bhfianaise na mórathruithe polasaí atá ar na bacáin – cur i bhfeidhm an Staidéir Chuimsithigh ar an nGaeltacht agus an Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge – is é is dóichí go ndéanfar comhtháthú de shórt éigin ar an dá scéim seo agus go ndéanfar sainiú níos soiléire ar chúraimí pleanála teanga na n-institiúidí stáit a bhfuil freagracht na Gaeilge agus na Gaeltachta orthu.

6 Próifil an cheantair

6.1 Cur síos ginearálta

Tá an ceantar lena mbaineann an tuarascáil seo lonnaithe i dtrí Thoghroinn Cheantair i dToghcheantar Chonamara: Maigh Cuilinn, Tulaigh Mhic Aodháin agus Sliabh an Aonaigh. Tá Toghranna Mhaigh Cuilinn agus Shliabh an Aonaigh ar fad sa Ghaeltacht ach níl ach páirt de Thoghroinn Thulaigh Mhic Aodháin sa Ghaeltacht. Dá nglacfaí le moltaí a rinneadh sa *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (SCT), dhéanfaí athrangú ar Mhaigh Cuilinn, ar Shliabh an Aonaigh agus ar Thulaigh Mhic Aodháin i gCatagóir C, an chatagóir is laige ó thaobh úsáid na Gaeilge (féach 6.4 thíos). Tá sráidbhaile Mhaigh Cuilinn féin suite laistigh de phéire de na Toghranna sin, Maigh Cuilinn agus Tulaigh Mhic Aodháin, tuairim is deich gciliméadar ó Ghaillimh ar bhóthar an N59 idir Gaillimh agus An Clochán. Tá an sráidbhaile agus a dhaonra ag fás go tapa agus taistealaíonn sciar mhór den daonra isteach agus amach ó Ghaillimh dá gcuid oibre. Faoi mar a scríobh Forbairt Phobail Mhaigh Cuilinn: ‘tá sé tarraingteach dóibh a bheith ina gcónaí i bpobal atá réasúnta beag agus atá laistigh d’achar comaitéarachta den chathair’ (FPMC, 2009: 9). Tá daonra Mhaigh Cuilinn ag fás go tiubh. Moltar i bPlean Limistéar Áitiúil Mhaigh Cuilinn 2005-2011 go bhféadfadh an daonra fás chomh hard le 6,885 duine, bunaithe ar an méid talún a ndearnadh athchriosú i gcomhair tithíochta uirthi (Comhairle Chontae na Gaillimhe, 2005: 6).

Cé go gcuireann an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta Sliabh an Aonaigh san áireamh i gceantar Mhaigh Cuilinn i staitisticí Scéim Labhairt na Gaeilge (féach 6.3 thíos), ní luann Forbairt Phobail Mhaigh Cuilinn (2009) ná Comhairle Chontae na Gaillimhe (2005) ach an dá Thoghroinn Cheantair ina bhfuil an sráidbhaile lonnaithe, Maigh Cuilinn agus Tulaigh Mhic Aodháin. Mar sin, díreofar den chuid is mó ar an dá Thoghroinn Cheantair sin sa chuid seo den tuarascáil.

6.2 Faisnéis an Daonáirimh

Léiríonn Daonáireamh 2006 gur tháinig fás mór ar dhaonra an dá Thoghroinn Cheantair ó Dhaonáireamh 2002 i leith. I 2002, bhí 1,414 duine ina gcónaí i Maigh Cuilinn ach faoi 2006

bhí 1,678 ina gcónaí ann (+ 18.6 faoin gcéad). I 2002, bhí 1,383 duine ina gcónaí i dTulaigh Mhic Aodháin ach faoi 2006 bhí 1,652 ina gcónaí ann (+ 19.4 faoin gcéad). Mar sin féin, d'fhás Maigh Cuilinn ag ráta níos moille ná mar a d'fhás sé idir 1996 agus 2002 nuair a d'ardaigh an daonra 38.6 faoin gcéad. D'fhás daonra Thulaigh Mhic Aodháin 17.5 faoin gcéad idir 1996 agus 2002, ráta nár athraigh mórán idir 2002 agus 2006 (Comhairle Chontae na Gaillimhe, 2005: 5).

I nDaonáireamh 2002, bhí 289 (21.8 faoin gcéad) de dhaonra Mhaigh Cuilinn ina gcainteoirí laethúla Gaeilge. Maidir leis na haoisghrúpaí, bhí céatadán arda de chainteoirí laethúla in aois scoile: 55.1 faoin gcéad (5-12 bliain) agus 51.7 faoin gcéad (13-18 bliain), i gcomparáid le 16.7 faoin gcéad (3-4 bliain), 10 faoin gcéad (19-29 bliain), 8.4 faoin gcéad (30í) agus 8.9 faoin gcéad (40í). Tháinig ardú ar líon na gcainteoirí laethúla i gcuid de na haoisghrúpaí is sine: 11.3 faoin gcéad (50í) agus 20 faoin gcéad (70í) (ní raibh ach 8.9 faoin gcéad de na cainteoirí laethúla sna seascaidí). I 2002, bhí 213 (21.2 faoin gcéad) de dhaonra Thulaigh Mhic Aodháin² ina gcainteoirí laethúla Gaeilge. Arís eile, bhí an chuid ba mhó acu in aois scoile: 51.9 faoin gcéad (5-12 bliain) agus 40.8 faoin gcéad (13-18 bliain). Ba lú go mór céatadán na gcainteoirí laethúla sna haoisghrúpaí eile: 8.3 faoin gcéad (3-4 bliain), 9.5 faoin gcéad (19-29 bliain), 7.3 faoin gcéad (30í) ach arís tá méadú le feiceáil sna haoisghrúpaí is sine: 12 faoin gcéad (40í), 15 faoin gcéad (50í), 20 faoin gcéad (60í) agus 18 faoin gcéad (70í). I gcás Mhaigh Cuilinn, má roinntear an daonra idir daoine faoi bhun 18 mbliana agus daoine os a chionn sin, tá idirdhealú soiléir le feiceáil: 48.3 faoin gcéad den daonra ó 3-18 bliain ina gcainteoirí laethúla agus 9.8 faoin gcéad den daonra atá níos mó ná 19 bliana. I dTulaigh Mhic Aodháin, tá 42.8 faoin gcéad de na daoine óga ina gcainteoirí laethúla agus 11.2 faoin gcéad de na daoine fásta. Léiríonn an fhaisnéis seo go soiléir go bhfuil úsáid laethúil na Gaeilge sa cheantar ag brath den chuid is mó ar na scoileanna, cé go bhfuil roinnt áirithe cainteoirí laethúla Gaeilge sna haoisghrúpaí is sine (Ó Giollagáin et al, 2007: Aguisín 3, 3-4; Aguisín 4, 2-3).

Dar le Daonáireamh 2006, bhí 1,678 duine ina gcónaí i dToghroinn Cheantair Mhaigh Cuilinn. Dúirt 1,113 díobh (66.3 faoin gcéad) go raibh Gaeilge acu agus 554 (33 faoin gcéad) nach raibh. Bhí 1,652 duine ina gcónaí i dToghroinn Cheantair Thulaigh Mhic Aodháin. Bhí Gaeilge ag 1,020 díobh (61.7 faoin gcéad) agus ní raibh Gaeilge ag 614 (37.2 faoin gcéad). I

² An chuid sin den Toghroinn atá sa Ghaeltacht (1,003 duine) (Ó Giollagáin et al, 2007: Aguisín 3, lch. 3).

Maigh Cuilinn, dúirt 344 (30.9 faoin gcéad de na cainteoirí Gaeilge, 20.5 faoin gcéad den daonra iomlán) gur labhair siad go laethúil laistigh den chóras oideachais í agus dúirt 46 duine (4.1 faoin gcéad de na cainteoirí Gaeilge, 2.7 faoin gcéad den daonra iomlán) gur labhair siad go laethúil laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais í. Dúirt 96 duine (8.6 faoin gcéad de na cainteoirí Gaeilge, 5.7 faoin gcéad den daonra iomlán) gur labhair siad an Ghaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais amháin. I dTulaigh Mhic Aodháin, dúirt 290 (28.4 faoin gcéad de na cainteoirí Gaeilge, 17.5 faoin gcéad den daonra iomlán) gur labhair siad an Ghaeilge go laethúil laistigh den chóras oideachais amháin agus 46 duine (4.5 faoin gcéad de na cainteoirí Gaeilge, 2.8 faoin gcéad den daonra iomlán) gur labhair siad go laethúil laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais í. Dúirt 85 duine (8.3 faoin gcéad de na cainteoirí Gaeilge, 5.1 faoin gcéad den daonra iomlán) gur labhair siad an Ghaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais amháin. Léiríonn an Tábla thíos na figiúirí sin.

Toghroinn	Daonra 3 bl. +	Cumas Gaeilge	Gan cumas Gaeilge	Laethúil laistigh CO	Laethúil laistigh & lasmuigh CO	Laethúil lasmuigh CO
Maigh Cuilinn	1,678	1,113 (66.3%)	554 (33%)	344 (20.5%)	46 (2.7%)	96 (5.7%)
Tulaigh Mhic Aodháin	1,653	1,020 (61.7%)	614 (37.2%)	290 (17.5%)	46 (2.8%)	85 (5.1%)

Tábla 1: Faisnéis an Daonáirimh (2006) maidir le Cumas agus Úsáid na Gaeilge i dToghanna Ceantair Mhaigh Cuilinn agus Thulaigh Mhic Aodháin

6.3 Faisnéis Scéim Labhairt na Gaeilge

Mar a dúradh thuas, cuireann an Roinn an tríú Toghroinn Cheantair, Sliabh an Aonaigh, san áireamh chun críche staitisticí Scéim Labhairt na Gaeilge (SLG). Cuirfear staitisticí Shliabh an Aonaigh san áireamh anseo. Dar le hanailís a rinneadh ar staitisticí Scéim Labhairt na Gaeilge sa scoilbhliain 2003/4, ní bhfuair ach ceithre theaghlach as 165 (2 faoin gcéad) an deontas iomlán, agus bronnadh deontas laghdaithe ar naoi dteaghlach eile (5 faoin gcéad). I dTulaigh Mhic Aodháin, bronnadh deontas iomlán ar theaghlach amháin as 135 (1 faoin gcéad) agus deontas laghdaithe ar theaghlach amháin eile (1 faoin gcéad). As 74 teaghlach i Sliabh an Aonaigh, bronnadh deontas iomlán ar 8 gcinn (11 faoin gcéad) agus deontas

laghdaithe ar chúig cinn (7 faoin gcéad). Tháinig feabhas áirithe ar na staitisticí i Maigh Cuilinn (10 dteaghlach i 2005/6, 9 dteaghlach i 2006/7 agus 9 dteaghlach i 2007/8) agus i Sliabh an Aonaigh (9 dteaghlach i 2005/6, 11 i 2006/7 agus 6 i 2007/8) agus d'fhan torthaí Thulaigh Mhic Aodháin mar a chéile (Ní Chualáin, cumarsáid phearsanta). Is deacair aon tátal a bhaint as an ardú sin toisc go bhfuil líon na dteaghlach atá i gceist chomh híseal sin, ach dá mairfeadh sé tréimhse níos faide, b'údar suntais é go cinnte. Mar sin, níl aon athrú suntasach le feiceáil i bhfaisnéis SLG i leith na dToghroinn Ceantair seo ó 1993 i leith: is léir gurb é Sliabh an Aonaigh an Toghroinn is láidre ach go bhfuil na trí Thoghroinn an-lag sa chomhthéacs Gaeltachta trí chéile (Ó Giollagáin et al, 2007: Aguisín 5: 5-6). Mar a mheabhraíonn Ó Giollagáin et al, is gá gné bhreise maidir le SLG a chur san áireamh chomh maith, toisc nach ndéantar an scrúdú go dtí go bhfuil bliain nó níos mó caite ag an bpáiste ag freastal ar an mbunscoil:

In ainneoin gan an chomparáid a bheith go hiomlán slán i ngeall ar an mbearna bheag ama idir tréimhse bhailithe an dá chineál faisnéise, léiríonn an chomparáid idir SLG agus líon na gcainteoirí laethúla gur cosúil go bhfuil níos mó ná úsáid na Gaeilge sa teaghlach á tomhais ag scéim na Roinne. Tugann an chomparáid seo le fios go bhféadfadh dhá fhoinsé a bheith mar bhunús le faisnéis SLG, .i. líon na bpáistí a shealbhaíonn an Ghaeilge i gcomhthéacs an teaghlaigh agus líon na bpáistí a n-éiríonn leo cumas sa Ghaeilge a shealbhú i ngeall ar chúnamh na scoile go príomha (2007: 56).

6.4 Faisnéis ón *Staidéar Cuimsitheach ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht*

Foilsíodh an *Staidéar Cuimsitheach ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (SCT) i 2007, mar thoradh ar thuarascáil Choimisiún na Gaeltachta i 2002. Ní bhaineann sé le hábhar mionchur síos a dhéanamh ar thorthaí an SCT anseo agus go deimhin, ní luaitear ceantar Mhaigh Cuilinn go sonrach ann seachas go dtugtar eolas staitisiciúil faoi úsáid na Gaeilge de réir SLG agus Dhaonáireamh 2002, mar a tuairiscíodh thuas. Tabharfar cur síos ginearálta sa rannóg seo ar impleachtaí an SCT do cheantar Mhaigh Cuilinn agus ar chuid den obair pháirce a rinneadh mar chuid den SCT i gceantair a bhfuil an phróifíl chéanna shochtheangeolaíoch acu.

Ar cheann de phríomh-mholtaí an SCT bhí go roinnfí an Ghaeltacht ina catagóirí éagsúla de réir úsáid laethúil na Gaeilge iontu (bunaithe ar Dhaonáireamh 2002 agus SLG): Catagóir A ina mbeadh 67 faoin gcéad nó níos mó ina gcainteoirí laethúla Gaeilge, Catagóir B ina mbeadh 44-66 faoin gcéad ina gcainteoirí laethúla Gaeilge agus Catagóir C ina mbeadh faoi

bhun 44 faoin gcéad den phobal in gcainteoirí laethúla Gaeilge (Ó Giollagáin et al, 2007: 147). Is i gCatagóir C a chuirfí Maigh Cuilinn, Tulaigh Mhic Aodháin agus Sliabh an Aonaigh. Dar leis an SCT, níl ach sé faoin gcéad de na clanna i gCatagóir C á dtógáil le Gaeilge amháin nó le Gaeilge den chuid is mó (2007: 296). Is í úsáid na Gaeilge sa chóras scolaíochta an ghné is suntasaí faoin gcatagóir seo. Tá an Ghaeilge in úsáid sa chóras oideachais ach níl sí in úsáid ag formhór na dteaghlach i measc na nglúin meánaosta agus scothaosta:

Léiríonn an scagadh tosaigh ar na staitisticí daonáirimh go bhfuil ceantair na Catagóire seo i ngreim ag próiseas an aistrithe teanga agus go bhfuil an próiseas sin tagtha chun críche i bhformhór limistéir na catagóire seo; is é sin go bhfuil an Béarla tar éis áit na Gaeilge mar theanga theaghlaiigh agus phobail a ghlacadh (Ó Giollagáin et al, 2007: 84).

Luaitear tréithe staitistiúla eile a bhaineann le toghranna Chatagóir C:

- Éagothroime shuntasach maidir leis an gcéatadán cainteoirí laethúla a bheith le sonrú thar na rannóga aoise.
- Is minic a bhíonn na céatadán cainteoirí laethúla sna rannóga aoise níos ísle ná Catagóir B.
- Is minic a bhíonn míchoibhneas suntasach le feiceáil i gcéatadán na gcainteoirí laethúla i measc daoine óga le hais na ndaoine fásta (2007: 84).

I gcás Chatagóirí B agus C labhraítear níos mó Gaeilge ar scoil ná i gcomhthéacsanna eile teaghlaiigh agus pobail. Tugtar faoi deara go bhfuil líon ard scoileanna Gaeltachta a thuiriscítear nach bhfuil ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge i gCatagóirí B agus C. Bunaithe ar shuirbhé le daoine óga Gaeltachta, tuairiscítear nach bhfuil ach 37 faoin gcéad de na bunscoileanna i gCatagóir C atá ag teagasc trí Ghaeilge amháin nó den chuid is mó (2007: 333).

Bunaithe ar obair pháirce (sa chás seo, cruinnithe poiblí ar fud na Gaeltachta), déanann an SCT rangú breise ar Chatagóir C ó thaobh na bpróifíil seo a leanas:

- Ceantair ina bhfuil an próiseas aistrithe teanga tagtha chun críche le tamall nó i bhfad ó shin. Tá an chaoi a bhfuil institiúidí pobail agus oideachais á reáchtáil ag teacht salach ar an tuiscint theangeolaíoch ar a bhfuil i gceist le stádas Gaeltachta, .i. an Béarla in uachtar. Mar sin féin, tá an stádas Gaeltachta seo an-luachmhar do na ceantair seo don fhéiniúlacht stairiúil atá acu mar phobail.
- Ceantair a bhfuil an t-aistriú teanga curtha i gcrích iontu ach ina ainneoin sin tá cuid de na hinstitiúidí oideachais ag feidhmiú i nGaeilge.

- Ceantair a bhfuil an t-aistriú teanga curtha i gcrích iontu ach ina ainneoin sin tá cuid den ghlúin is sine ag baint úsáide as an nGaeilge go fóill. Anuas air sin tugtar aitheantas éigin don Ghaeilge i gcuid d'institiúidí pobail agus oideachais.
- Ceantair a bhfuil an t-aistriú teanga á chur i gcrích iontu agus an Béarla in uachtar mar theanga shóisialta sa phobal trí chéile. Tá céatadán íseal nó teoranta de na teaghlaigh sna ceantair seo ag tógáil a gclann le Gaeilge go fóill. Tá an Ghaeilge fós láidir in institiúidí pobail agus oideachais agus ciallaíonn sé sin go bhfuil cumas sa Ghaeilge ag cuid shuntasach den phobal i ngach aoisghrúpa. Tá gréasán substaintiúil de chainteoirí dúchais sna ceantair seo agus uaireanta is gréasán eagraithe é sin.

Léiríodh chomh maith go raibh cuid de na ceantair sin aireach ar na cúinsí a chuirfeadh a n-oidhreacht Gaeltachta as a riocht nó i mbaol agus go raibh bearta áirithe á nglacadh ag cuid díobh chun an Ghaeilge a láidriú go háitiúil (2007: 477).

Dar le húdair an SCT, léirigh na cruinnithe poiblí go bhfuil staid na Gaeilge i gCatagóir C an-íogair ar fad. Mhúscail ceisteanna faoi staid teanga na Gaeltachta 'freagraí mothúchánacha i ngeall ar an mbagairt a shamhlaigh na pobail le hiniúchadh a bheith á dhéanamh ar an mbunús teangeolaíoch a bhaineann leis an stádas oifigiúil atá bronnta orthu mar cheantair reachtúla Ghaeltachta' (2007: 478). Cuireadh béim mhór sna cruinnithe seo ar an inní a bhí ar an bpobal go gcuirfí amach as an nGaeltacht iad dá n-athrófaí na teorainneacha arís (2007: 478-9). Ní fios, dar ndóigh, an le Maigh Cuilinn go sonracha a bhaineann an tuairimíocht sin, toisc nach ndearnadh aon idirdhealú sa SCT idir ceantair éagsúla laistigh den rangú A, B nó C.

Moltar sa SCT go n-ullmhóidh gach ceantar plean teanga, ar thimthriall seacht mbliana, faoi stiúir ag Údarás na Gaeltachta. Bheadh gach plean le comhaontú leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta faoi réir ag critéir mheasúnaithe áirithe do gach Catagóir. Déantar na moltaí seo a leanas maidir le critéir mheasúnaithe ar phleananna teanga a thiofadh ó Chatagóir C:

- 30 faoin gcéad den daonra a bheith ina gcainteoirí líofa Gaeilge de réir an Daonáirimh agus 10 faoin gcéad de na teaghlaigh a bhfuil páistí acu i réimsí aoise na scéime a bheith i dteideal dheontas SLG faoi scéim leasaithe a dhíreofaí ar pháistí ó aois faoi bhun bliana go dtí seacht mbliana (2007: 538-9).
- Gréasáin Ghaeilge a bheith 'gníomhach i measc an phobail'.
- Oideachas bunscoile agus iarbhunscoile trí Ghaeilge a chur ar fáil do dhaltaí an cheantair agus go gcuirfí 'polasaí iompar teanga' a chur i bhfeidhm a thacódh le húsáid shóisialta na Gaeilge lasmuigh den seomra ranga.

- ‘Seirbhísí tacaíochta teaghlaigh teangalárnaithe’ (mar shampla seirbhísí cúram leanaí, réamhscolaíocht agus seirbhísí comhairleacha do theaghlaigh) a chur ar fáil agus socrú a bheith déanta go scarfaí páistí a bhfuil an Ghaeilge mar theanga baile acu ó pháistí nach bhfuil aon Ghaeilge acu (Moltar ‘Ionad Tacaíochta Teaghlaigh’ do gach ceantar Gaeltachta, ní do Chatagóir C amháin (2007: 538)).
- Imeachtaí óige trí Ghaeilge a bheith á n-eagrú sa cheantar (clubanna óige, campaí samhraidh srl.).
- Seirbhísí eaglasta trí Ghaeilge a bheith ar fáil sa cheantar (2007: 535-6).

Déantar moladh ginearálta, nach mbaineann le Catagóir C amháin, go n-ainmneofaí ‘Bailte Seirbhíse Gaeltachta’, ceantair uirbeacha atá in aice le ceantar Gaeltachta agus a mbíonn pobail na gceantar sin ag brath go mór orthu go heacnamaíoch agus go sóisialta (2007: 536).

Is léir go bhféadfaí stádas mar sin a thabhairt do Ghailimh agus go bhféadfadh Maigh Cuilinn leas teangeolaíoch a bhaint as athrú dá leithéid. Moltar chomh maith go neartófaí an eagraíocht Óige na Gaeltachta mar óg-eagraíocht láidir Gaeltachta a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus a eagraíonn gníomhaíochtaí trí mheán na Gaeilge (2007: 539).

7 Suirbhéireacht an cheantair

7.1 Plean Ceantair Áitiúil Mhaigh Cuilinn

D'fhoilsigh Comhairle Chontae na Gaillimhe *Plean Forbartha Áitiúil Mhaigh Cuilinn* i 2005. Luaitear stádas Gaeltachta an cheantair sa phlean sin. Geallann an Chomhairle go leanfaidh siad orthu ag forbairt na Gaeilge ar an mbaile agus go mbeidh dearcadh fabharach acu i leith na bhforbairtí seo a leanas (i mBéarla amháin atá an plean ar fáil agus tugtar an sliocht cuí, focal ar fhocal, anseo thíos):

- Irish Language Teaching Resources.
- Recreational facilities through Irish.
- Houses for native speakers.
- Houses for native speakers by voluntary organisations.
- Low cost houses for Irish speaking couples.
- Community centres that support Irish.
- Educational Facilities- e.g. third level, etc.
- Tourism which is language centred,
- Gaeltacht offices for the purpose of providing services though Irish for the Gaeltacht community.
- Irish speaking families who wish to settle in Gaeltacht areas.
- Business that is language centred e.g. translation / communication services (Comhairle Chontae na Gaillimhe, 2005: 32).

Geallann an Chomhairle go smachtóidh sí forbairtí tithíochta, tráchtála agus tionsclaíochta a mbeadh tionchar diúltach acu ar an nGaeilge, go gcinnteoidh sí gur i nGaeilge a bheidh aon chomharthaíocht a chrochfaidh sí ar an mbaile, go gcinnteoidh sí gur ainmneacha Gaeilge amháin a thabharfar ar fhorbairtí tithíochta, go spreagfaidh sí forbairt áiseanna oideachais, fóillíochta, turasóireachta agus gnó a fheidhmíonn trí Ghaeilge, go dtacóidh sí le hÚdarás na Gaeltachta agus go gcomhoibreoidh sí leis chun naíonraí agus naíolanna a sholáthar.

Geallann sí chomh maith go mbeidh Ráiteas Tionchair Teanga ag teastáil le gach mórfhorbairt tithíochta nó tráchtála ar an mbaile (2005: 32). Cé gur moltaí fóna cuid díobh seo, tá cuid eile thar a bheith ginearálta agus ní mhínítear conas a chuirfí i bhfeidhm iad ná cé a bheadh freagrach as iad a chur i bhfeidhm.

7.2 Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta

I 2008, d'fhoilsigh Comhairle Chontae na Gaillimhe *Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta 2008-2014*. Cé go gclúdaíonn sé Gaeltacht uile na Gaillimhe, déantar cuid mhaith plé ann ar cheantar Mhaigh Cuilinn faoin rannóg 'Imeall na Cathrach/An Eachréidh'. Cé nach faisnéis shochtheangeolaíoch atá sa phlean seo ach faisnéis shocheacnamaíoch, tugtar cuid di anseo d'fhonn léargas a thabhairt ar ghnéithe déimeagrafracha an cheantair a bhfuil dlúthbhaint acu le cúrsaí teanga: athrú sa daonra, cúrsaí oideachais agus forbairtí tithíochta.

Maidir le hathrú daonra, dar leis an gComhairle:

Seo é an ceantar is mó atá faoi bhrú ag fás na Cathrach mar ní shé amháin go gcaithfidh sé déileáil le hathrú ar a dteanga agus a chultúr ach freisin leis an éileamh leanúnach ar infreastruchtúr agus sheirbhísí a theastaíonn anois sa cheantar uirbeach forimeallach seo. Tá sé ag méadú ag ráta níos sciobtha ná aon áit eile den Chontae, tá an daonra dúbailte ann ó 1986 agus sa daonáireamh is deireanaí feictear go bhfuil an ráta fáis beagnach dhá uair níos mó ná ráta na cathrach (2008: 63).

Léiríonn an plean an méadú as cuimse atá tagtha ar dhaonra an cheantair, Toghranna Mhaigh Cuilinn agus Thulaigh Mhic Aodháin san áireamh:

Tá an ráta fáis níos airde ná ráta fáis na cathrach agus go minic i bhfad níos airde ná an meánráta fáis sa Chontae. Tá lánfhostaíocht i bhformhór na dToghranna. Tá an freastal ar oideachas trú leibhéal go hard os cionn an mheáin (2008: 64).

Ó thaobh an oideachais de, léiríonn an plean seo gur ceithre bhunscoil atá ag feidhmiú i gceantar Mhaigh Cuilinn: Scoil Mhuire, Maigh Cuilinn (324 dalta sa scoilbhliain 2005/6); Scoil Náisiúnta an Bhaile Nua, Maigh Cuilinn (73 dalta); Scoil Náisiúnta na dTuairíní, Maigh Cuilinn (86 dalta); agus Scoil Náisiúnta Thulaigh Mhic Aodháin (64 dalta). Mar sin, sa scoilbhliain 2005/6 bhí iomlán 547 dalta i mbunscoileanna an cheantair (2008: 65).

Maidir le coinníollacha teanga ar fhorbairtí tithíochta, fógraítear go gcuirfí Clásal Feidhme Teanga 15 bliana i bhfeidhm i gcás fiche faoin gcéad de na haonaid i bhforbairtí cónaitheacha ina mbeadh dhá aonad nó níos mó laistigh de theorainneacha Phlean Ceantair Áitiúil Mhaigh Cuilinn (féach 7.1 thuas) (2008: 68).

7.3 Suirbhé Chonradh na Gaeilge

Chun cur a gcumas Plean Gaeilge a ullmhú do Mhaigh Cuilinn, bheartaigh craobh áitiúil Chonradh an Gaeilge, i gcomhar le Cumann Forbartha Mhaigh Cuilinn, suirbhé a dhéanamh ar staid na Gaeilge sa cheantar. Scaipeadh ceistneoirí ar gach teach i bparóiste Mhaigh Cuilinn ó Eanáir go Márta 2007, i dteannta suirbhé eile ar riachtanais infreastruchtúrtha an cheantair (FRMC, 2009: Aguisín A4-1; féach 7.4 thíos). Bhí tuairim is 1,130 teach ar fad i gceist leis an suirbhé ar na riachtanais infreastruchtúrtha (FRMC, 2009: Aguisín A5-2) agus mar sin glactar leis gurb ionann líon na dtithe ar scaipeadh an suirbhé Gaeilge orthu. Bailíodh ceistneoirí na Gaeilge ó 572 teach le 1,907 duine ar fad san áireamh iontu, ráta freagartha thart faoi 50 faoin gcéad. Rinneadh na torthaí a ionchur i mbunachar sonraí chun anailís a dhéanamh orthu (CnaG/FPMC, 2008: 4).

Ceistíodh an pobal maidir le húsáid na Gaeilge (laethúil, seachtainiúil, annamh, riamh) i seacht réimse úsáide: sa bhaile, ag an obair, le cairde, ag an aifreann, i gcúrsaí spóirt, sna siopaí, ag cruinnithe agus ‘eile’. Cé go bhfuil cuid de na réimsí sin doiléir³ agus go gcaithfear na gnáthlainsí a bhaineann le féintuairisciú a chur san áireamh, is é an toradh is suntasaí go ndúirt 22.4 faoin gcéad go labhraíonn siad an Ghaeilge sa bhaile go laethúil (25.4 faoin gcéad nuair a fhágtar daoine nár fhreagair an cheist as an áireamh) (2008: 5). An oiread céanna daoine, a bheag nó a mhór – 24.8 faoin gcéad – a dúirt nach labhraíonn siad riamh sa bhaile í. Ba é réimse an bhaile an réimse ba láidre ó thaobh na húsáide laethúla de. Tháinig réimse na hoibre sa dara háit: thuairiscigh 14.9 faoin gcéad gur labhair siad an Ghaeilge go laethúil ag an obair ach dúirt a dhá oiread sin, beagnach – 27.5 faoin gcéad – nár labhair siad an Ghaeilge riamh ag an obair. Sa tríú háit ó thaobh na húsáide laethúla bhí an réimse ‘cairde’, áit a ndúirt 8.9 faoin gcéad gur labhair siad an Ghaeilge go laethúil le cairde (cé go ndúirt beagnach a thré oiread sin, 29.4 faoin gcéad, nár labhair siad an Ghaeilge riamh lena gcairde). Bhí torthaí na húsáide laethúla faoi bhun 5 faoin gcéad sna réimsí eile a scrúdaíodh (aifreann, spórt, siopaí, cruinnithe agus eile) (2008: 5).

³ Mar shampla, ba dheacair cur síos cruinn a dhéanamh ar iompar teanga i measc ‘cairde’ i dtimpeallacht dhátheangach ar nós na Gaeltachta, go háirithe i nGaeltacht imeallach Mhaigh Cuilinn. Mar a chéile, léiríonn an ráta ard éiginnteachta i gcás an réimse ‘eile’ (beagnach 70 faoin gcéad) gur dócha gur chuir catagóir chomh leathan sin mearbhall ar na freagróirí.

Maidir le sealbhú na Gaeilge, dúirt an líon ba mhó daoine (59.1 faoin gcéad) gur ar scoil a fuair siad a gcuid Gaeilge. Is lú é céatadán na ndaoine atá líofa nó an-líofa sa Ghaeilge ná céatadán na ndaoine nach bhfuil ach cumas an-lag acu, nó nach bhfuil líofacht dá laghad acu: dúirt 29.6 faoin gcéad gur sa bhaile a d'fhoghlaim siad í. Ar scála 0 go 5 (5 = líofacht iomlán), dúirt 22.3 faoin gcéad go raibh siad ag pointí a 4 nó a 5 ach dúirt 34.1 faoin gcéad go raibh siad ag pointí a 0 nó a 1 (2008: 4). Cé go bhfuil an féintuairisciú le cur san áireamh arís anseo, is suntasach an toradh é go bhfuil cosúlacht láidir idir líon na ndaoine líofa nó an-líofa, líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa bhaile, líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge dar le Daonáireamh 2002 agus líon na gcainteoirí laethúla laistigh den chóras oideachais dar le Daonáireamh 2006. Tá bearna shuntasach, áfach, idir céatdán na gcainteoirí laethúla sa bhaile, dar le suirbhé Chonradh na Gaeilge, agus líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais, dar le Daonáireamh 2006.

Díol suntais iad na torthaí maidir le mianta an phobail i leith na Gaeilge. Dúirt 87.2 faoin gcéad (92 faoin gcéad nuair a fhágtar daoine nár fhreagair an cheist as an áireamh) gur mhaith leo go bhfanadh Maigh Cuilinn sa Ghaeltacht (2008: 4). Dúirt suas le 77.6 faoin gcéad gur mhaith leo go gcuirfí ainmneacha Gaeilge ar eastáit tithíochta, ar shiopaí, ar ghnólachtaí agus ar fhorbraíochtaí nua (2008: 5) (luadh 'comharthaí Gaeilge sna siopaí' agus 'scéim chun labhairt na Gaeilge a chur chun cinn sna siopaí' i measc na gcéadta moladh breise a rinneadh) (2008: 7). Dúirt 60.5 faoin gcéad go dtabharfaidís 'tacaíocht d'oideachas trí Ghaeilge ag gach leibhéal i Maigh Cuilinn' (pléitear an cheist seo ag 7.4 thíos). Cuireadh ceisteanna ar an bpobal maidir le himeachtaí eile a chuirfeadh le 'dul chun cinn na Gaeilge' ar scála 1 go 5 (5 = an-tábhachtach). Luaigh an móramh ba mhó (40.9 faoin gcéad) gur cheap siad go raibh 'ranganna Gaeilge do dhaoine fásta' an-tábhachtach, chreid 36.2 faoin gcéad go raibh 'imeachtaí óige trí Ghaeilge' an-tábhachtach, dúirt 28 faoin gcéad go raibh 'grúpa comhrá Gaeilge' an-tábhachtach agus luaigh 23.6 faoin gcéad go raibh 'imeachtaí cultúrtha' an-tábhachtach. Díol suntais é an céatadán ard daoine a luaigh ranganna Gaeilge do dhaoine fásta (féach 8.1 thíos).

Cuireadh ceist eile ar an bpobal an raibh fonn orthu a gcuid Gaeilge a fheabhsú, nó an Ghaeilge a fhoghlaim. Níor fhreagair 35.1 faoin gcéad an cheist sin ach ní hábhar iontais é sin nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil suas leis an gceathrú cuid den phobal a labhraíonn an Ghaeilge go laethúil, dar leis na foinsí éagsúla. Dúirt 34.4 faoin gcéad go raibh siad ag leibhéal 'comhrá' nó 'ardleibhéal', dúirt 21 faoin gcéad go raibh siad 'bunúsach' nó ag

leibhéal ‘feabhsóra’ agus dúirt 9.2 faoin gcéad go raibh siad ag leibhéal ‘tosaitheora’ (2008: 6).

Iarradh ar fhreagróirí an tsuirbhé moltaí breise a dhéanamh. Cuirtear an fhaisnéis cháilíochtúil seo ar fáil ag deireadh an tsuirbhé. I measc na moladh a rinneadh tá, go dtabharfaí tacaíocht do pháistí réamhscoile, go mbunófaí iarbhunscoil lán-Ghaeilge, go gcuirfí grúpa comhrá ar bun, go dtógfaí lárionad Gaeilge sa sráidbhaile agus go n-ardófaí feasacht faoin nGaeilge ar an mbaile (2008: 7).

Cé nach féidir comparáid slán a dhéanamh le torthaí an SCT toisc nach ionann an modh suirbhéireachta ná na ceisteanna a cuireadh, tá toradh an tsuirbhe áitiúil ag teacht a bheag nó a mhór le faisnéis an Daonáirimh: 21.8 faoin gcéad de dhaonra thoghroinn Mhaigh Cuilinn agus 21.2 faoin gcéad de dhaonra thoghroinn Thulaigh Mhic Aodháin a dúirt i 2002 gur labhair siad an Ghaeilge go laethúil; i 2006, dúirt 20.5 faoin gcéad de dhaonra Thoghroinn Mhaigh Cuilinn agus 17.5 faoin gcéad de dhaonra Thoghroinn Thulaigh Mhic Aodháin gur labhair siad an Ghaeilge go laethúil laistigh den chóras oideachais amháin (Ó Giollagáin et al, 2007: 21 agus POS, 2008b).

7.4 Suirbhé Chumann Forbartha Mhaigh Cuilinn

I 2007, choimisiúnaigh an eagraíocht Forbairt Phobail Mhaigh Cuilinn Teo. (FPMC) tuarascáil faoi riachtanais infreastruchtúrtha an cheantair. Scaipeadh ceistneoir cuimsitheach dátheangach 20 leathanach ar thart faoi 1,130 teach, an ‘taighde is doimhne agus is cuimsithí a rinneadh riamh ar dhearcadh an phobail i Maigh Cuilinn’ (FPMC, 2009: 6). Dáileadh an mórshuirbhé seo i dteannta shuirbhé na Gaeilge. Fuarthas 656 foirm ar ais, agus ceapadh go raibh 619 díobh bailí (ráta freagartha thart faoi 55 faoin gcéad) (2009: 10). Cuireadh réimse leathan ceisteanna faoi ghnéithe éagsúla d’fhorbairt an cheantair. Níor bhain a bhformhór le hábhar ach is féidir tátail a bhaint as roinnt díobh agus tá líon beag ceisteanna a bhaineann go sonrach leis an nGaeilge.

Maidir le riachtanais infreastruchtúrtha don todhchaí, luaigh mórán mór, 44 faoin gcéad, gurb ‘ionad pobail’ an tosaíocht is mó do Mhaigh Cuilinn. Bhí ‘áiseanna don aos óg’ agus ‘meánscoil’ sa dara agus sa tríú háit. Is léir go mbraitheann an pobal go bhfuil an-easnamh ann ó thaobh lárionaid ina gcuirfí seirbhísí pobail ar fáil. Faoi mar a scríobh cathaoirleach

FPMC, John Power: ‘Is í an fhíric shimplí, in ainneoin go bhfuil stair fhada ghníomhach agus rathúil ag an bpobal maidir le cúrsaí spóirt, sóisialta agus cultúrtha, go raibh easpa talamh ann chun áiseanna comhtháite pobail a fhorbairt do dhaone a bhí de shíor ag méadú’ (2009: 6). Tar éis cuid mhaith idirbheartaíochta leis an gcomhlacht stáit Coillte, fógraíodh i 2009 go raibh 24 acra talún de choill Chill Ráine i lár an tsráidbhaile le haistriú go FPMC. Cheap 95 faoin gcéad de na freagróirí (a thug a dtuairimí) gurb é lár an tsráidbhaile nó Coill Chill Ráine an suíomh ab fhearr do na háiseanna pobail (2009: 19).

Tá impleachtaí ag na torthaí sin don Ghaeilge, toisc go bhféadfaí Ionad Tacaíochta Gaeilge, a mbeadh Bainisteoir Teanga lonnaithe ann agus a mbeadh seirbhísí Gaeilge do dhaoine óga ar fáil ann, a bhunú ina leithéid d’ionad pobail. Leag Conradh na Gaeilge an-bhéim ar ‘Ionad Buanaithe Gaeilge’ san aighneacht a sheol siad chuig na comhairleoirí a d’ullmhaigh an tuarascáil. Dar leo, is éard a bheadh i gceist: ‘Lárionad Gaeilge in mbeadh fáil ar ionad ranganna, ionad do dhaoine óga, áiseanna teagaisc, leabharlann agus áiseanna Gaeilge don phobal’. D’iarr siad chomh maith go dtógfaí ‘Foirgneamh le haghaidh Naíolainne agus Naíonra’. Chuirfí réimse seirbhísí ar fáil do dhaoine óga, club iarscoile san áireamh, ar fáil ina leithéid d’fhoirgneamh. Luaigh an Conradh chomh maith an gá a bhí le hIonad Pobail, dar leo: ‘Ionad Pobail ina mbeadh réimse leathan áiseanna ar fáil, a bheadh ina bhuntáiste ginearálta do chur chun cinn na Gaeilge agus a chuirfeadh ionad ar fáil d’imeachtaí Gaeilge agus cultúrtha’ (2009: A3-3).

Maidir leis an iarbhunscoil, léirigh an tuarascáil ar na riachtanais infreastruchtúrtha gur mian le móramh an-suntasach daoine – 75 faoin gcéad – go dtógfaí a leithéid ar an mbaile agus dúirt 69 faoin gcéad go gcuirfidís páistí a bheadh in aois oiriúnach scoile chuig an iarbhunscoil sin. Cuireadh ceist eile faoin ngá a cheap an pobal a bhí le Gaelscoil ar an mbaile. Dúirt 50 faoin gcéad gur gá a leithéid (2009: 21). Is deacair tátal cinnte a bhaint as an bhfreagra sin toisc go bhfuil an cheist doiléir: ní thugtar le tuiscint an Gaelscoil (bunleibhéal) ag an mbunleibhéal nó Gaelcholáiste (iarbhunleibhéal) a bheadh i gceist, ná ní thugtar le fios an bhfuil bunscoileanna an cheantair ag feidhmiú trí Ghaeilge cheana féin nó nach bhfuil. Léirítear an éiginnteacht sin nuair a admhaítear: ‘Dúirt go leor daoine go bhfuil Gaelscoileanna (bunscoileanna) ann sa phobal cheana féin’ (21). Leag Conradh na Gaeilge béim ar ‘Mheánscoil Lán-Ghaeilge’ ina n-aighneacht siúd (2009: A3-3).

Luadh an Ghaeilge agus an Ghaeltacht i gcorráit fhánach eile sa tuarascáil. Faoin gceist a bhain le turasóireacht, rinneadh moladh go n-úsáidfí níos mó Gaeilge agus go gcrochfaí fógraí i nGaeilge ar an mbaile (2009: A5-31); moladh go mbunófaí fo-oifig de chuid Údarás na Gaeltachta ar an mbaile (A5-35) agus luadh ‘Gaeltacht status/protect’ ar liosta na gceisteanna is ceart do phobal Mhaigh Cuilinn a thabhairt orthu (A5-38).

8 Moltaí maidir le plean teanga do Mhaigh Cuilinn

Tar éis an taighde go léir a bhreithniú, déantar moltaí maidir le plean teanga do Mhaigh Cuilinn, bunaithe ar dheich réimse éagsúla. Luaitear cuid de na gnéithe seo a leanas i measc na gcritéar measúnaithe ar phleananna teanga a mholann an SCT do Chatagóir C.

8.1 Ionad Tacaíochta Gaeilge

Ionad Tacaíochta Gaeilge a bhunú in áit lárnach agus fheiceálach i Maigh Cuilinn. Tugtar ‘Ionad Tacaíochta Gaeilge’ air seachas ‘Ionad Tacaíochta Teaghlaigh’ toisc nach gá gur teaghlaigh amháin a bhainfeadh úsáid as. Ba cheart go gceapfadh aon bhall den phobal áitiúil go bhfuil fáilte roimhe/roimpi ina leithéid d’ionad, más mian leis/léi a bheith páirteach sa phleanáil teanga. D’fhéadfaí foirgneamh as féin a thógáil, nó cuid d’ionad pobail a roinnt nuair a thógfaí é. Ba shaoire an dara rogha, dar ndóigh, ach chaithfí a chinntiú nach bhfágfaí cuid na Gaeilge den Ionad Pobail in áit na leathphingine. Mar chuid den Ionad Tacaíochta Gaeilge bheadh:

- (a) Ionad Seirbhísí Teanga, arna mhaoiniú ag Údarás na Gaeltachta faoin scéim ‘Gaeilge 2010’ nó a leithéid. Chuirfí réimse leathan ranganna Gaeilge ar fáil san Ionad seo, ó thosaitheoirí go hardleibhéal agus chuirfí sainchúrsaí dírithe ar spriocphobail faoi leith ar bun ann chomh maith (mar shampla, cúrsa oiliúna i spreagadh na Gaeilge i measc oibríthe ar cainteoirí líofa iad atá ag obair i ngnólachtaí an bhaile).
- (b) Gorlann Ghaeilge, arna maoiniú ag Údarás na Gaeltachta, ar bhonn na gorlainne i Ros Muc (Údarás na Gaeltachta, 2009). Lonnfaí mionghnólachtaí Gaeilge sa ghorlann sin: seirbhísí aistriúcháin, comhairleoireacht teanga, ealaíona srl. agus d’fhéadfadh Údarás na Gaeltachta cruinnithe a réachtáil ann nó oifigeach a chur ann ó am go chéile chun bualadh leis an bpobal.
- (c) Naíonra a d’fheidhmeodh trí mheán na Gaeilge (bunaithe ar an naíonra atá á réachtáil cheana in Áras Uillinn).
- (d) Seirbhísí do theaghlaigh, mar shampla seirbhísí cúram leanaí, seirbhísí réamhscoile, seirbhísí tacaíochta do thuismitheoirí a bheadh ag tógáil a gclainne le Gaeilge srl.
- (e) Seirbhísí do dhéagóirí lena n-áirítear club iarscoile Gaeilge, imeachtaí sóisialta agus cultúrtha.

8.2 Bainisteoir Teanga lánaimseartha

Is léir ó éilimh an phobail agus ón taighde eile a ndearnadh tagairt dó nach féidir brath ar an obair dheonach chun na hiarrachtaí éagsúla seo a chomhordú. Tá go leor d'obair na Gaeilge ag brath ar an deonachas le fada an lá agus cé gur baineadh roinnt mhaith éachtaí amach, ní féidir plean teanga a chur i bhfeidhm go héifeachtach gan fostaí oilte, lánaimseartha a bheith i mbun na hoibre.

- (a) Moltar Bainisteoir Teanga⁴ oilte, lánaimseartha a fhostú faoin Tionscnamh Pleanála Teanga arna mhaoiniú ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Tá sé riachtanach go mbeadh taithí phraiticiúil ar an bpleanáil teanga, nó cáilíocht sa tsochtheangeolaíocht nó i réimse gaolmhar, ag an té a cheapfaí.
- (b) Bheadh an Bainisteoir Teanga freagrach as Plean Teanga a fheidhmiú don cheantar. D'fhéadfaí an tuarascáil seo a úsáid mar bhunchloch ach ba ghá taighde leanúnach chun mianta an phobail a thuiscint go soiléir. Cé go bhfuil luach ag baint le suirbhé Chonradh na Gaeilge, is gá taighde cáilíochtúil a dhéanamh ar bhonn níos leithne chun teacht ar thuiscint níos doimhne den phobal. B'inmholta an mhaise don Bhainisteoir Teanga ceangal a chothú le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh chun cabhrú leis/leí an taighde sin a dhéanamh go leanúnach.
- (c) Bheadh an Bainisteoir Teanga freagrach as ceangal a chothú le Bainisteoirí Teanga eile atá ag obair faoin TPT tríd an ngréasán atá ann cheana féin agus le saineolaithe cuí d'fhonn é/í féin a chur ar an eolas faoin obair atá ar siúl agus faoin taighde is déanaí i réimse na pleanála teanga.

8.3 Úsáid na Gaeilge mar theanga bhaile

Is rídheacair dul i bhfeidhm ar chleachtas príobháideach teanga agus is cinnte go mbaineann dúshláin mhóra lena leithéid i gceantar lag Gaeltachta ar nós Mhaigh Cuilinn. Tá an-teorainn leis an méid idirghabhála a nglacfar leis sa réimse íogair seo. Is féidir daoine aonair nó teaghlaigh a spreagadh chun cur le húsáid na Gaeilge, má tá an teanga ar a dtoil go maith acu, ach caithfear a bheith réadúil sna spriocanna a leagfar síos. Caithfidh an Bainisteoir Teanga a bheith tuisceanach ar an íogaire a bhaineann leis an gceist seo.

⁴ Úsáidtear an téarma 'Bainisteoir Teanga' seachas 'Áisitheoir Teanga' bunaithe ar Spolsky: 2004).

- (a) Moltar don Bhainisteoir Teanga comhairle a lorg ón eagraíocht náisiúnta Comhlúadar, féachaint an bhféadfaí craobh áitiúil a bhunú i Maigh Cuilinn.
- (b) Bheadh an Bainisteoir Teanga freagrach as comhairle a chur ar fáil, ón Ionad Tacaíochta Gaeilge, do dhaoine atá ag tógáil a gclainne le Gaeilge, nó ag iarraidh a leithéid a dhéanamh.

8.4 An t-oideachas réamhscoile, bunscoile agus iarbhunscoile

I measc na gcritéar measúnaithe a mhol an SCT do phlean teanga ó Chatagóir C, bhí go mbeadh oideachas bunscoile agus iarbhunscoile trí mheán na Gaeilge ar fáil do dhaltáí an cheantair. Ní hionann é sin agus go gcaithfeadh gach cuid den oideachas i ngach scoil a bheith ar fáil trí Ghaeilge. Go deimhin, b'fhéidir nach mbeadh glacadh ag an bpobal leis sin i gceantar measctha teanga ar nós Mhaigh Cuilinn. Os a choinne sin, léiríonn na suirbhéanna a rinneadh go háitiúil go bhfuil tacaíocht láidir don oideachas lán-Ghaeilge trí chéile. Luaigh móránh suntasach (75 faoin gcéad) a ceistíodh i suirbhé FPMC gur theastaigh uathu go mbunófar 'meánscoil' sa cheantar ach ní léir ón bhfreagra an mbeadh an oiread sin daoine i bhfabhar iarbhunscoile lán-Ghaelaí go sonrath. Baineann forbairt an oideachais trí mheán na Gaeilge sa cheantar le leibhéal na réamhscoile, leis na bunscoileanna atá ann cheana agus le haon iarbhunscoil a bhunófaí i bhfad na haimsire.

- (a) D'fhiosródh an Bainisteoir Teanga na féidearthachtaí maidir le forbairt an oideachais trí mheán na Gaeilge sa cheantar. Moltar go rachadh sé/sí i gcomhairle le páirtithe leasmhara náisiúnta (Forbairt Naíonraí Teo., Gaelscoileanna, Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta) agus áitiúla (tuismitheoirí, ionadaithe ó na scoileanna atá ag feidhmiú cheana féin) agus go mbunófaí coiste chun an obair a chomhordú.
- (b) Ba ghá don choiste forbairt na Gaeilge a fhiosrú ag na leibhéil ar fad: réamhscolaíocht, bunscolaíocht agus iarbhunscolaíocht. Toisc nach bhfuil baint acu leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, is fusa naíonraí a bhunú ná scoileanna agus is ceart comhairle a lorg ar Fhorbairt Naíonraí Teo. maidir le forbairt an naíonra atá ag feidhmiú cheana in Áras Uillinn agus le forbairt naíonraí eile.
- (c) Má tá éileamh ar iarbhunscoil lán-Ghaeilge i Maigh Cuilinn (rud nach léir go cinnte ón bhfaisnéis atá ar fáil), ní fhéadfaí an t-éileamh sin a chomhlíonadh gan impleachtaí

a bheith ann do pholasaí teanga na mbunscoileanna áitiúla. Sna cúinsí diúltacha eacnamaíochta faoi láthair, ní furasta scoileanna nua a bhunú faoi láthair. D'fhéadfadh sé gurbh fhusa sa ghearrthéarma an teagasc trí mheán na Gaeilge agus úsáid shóisialta na Gaeilge a láidriú sna bunscoileanna áitiúla.

- (d) Moltar don Bhainisteoir Teanga staidéar a dhéanamh ar an gcáipéis *Ár bPolasaí Gaeilge* (Ní Mhaoláin, 2005), a d'fhoilsigh an eagraíocht Gaelscoileanna, ina ndéantar moltaí faoi pholasaí iompar teanga laistigh de gheataí na scoile. Moltar chomh maith go lorgófaí comhairle ón bhFóram Scoilphobail a bhfuil sé d'aidhm aige pobal na teanga mórthimpeall na scoile a neartú.

8.5 Úsáid na Gaeilge i measc daoine óga

Cé go bhfuil roinnt gníomhaíochta do dhaoine óga luaite cheana (mar shampla, seirbhísí iarscoile a bheith ar fáil san Ionad Tacaíochta Gaeilge) agus cé go mbaineann an réimse seo go dlúth leis an scoil, is gá struchtúr a thacóidh le húsáid na Gaeilge i measc daoine óga a bhunú sa cheantar.

- (a) Tá campa samhraidh an-ráthúil ar siúl i Maigh Cuilinn le 30 bliain anuas a bhfreastalaíonn idir 60 agus 80 páiste air. Le blianta beaga anuas, tá campaí peile, iománaíochta agus liathróid láimhe á reáchtáil trí Ghaeilge faoi chigireacht na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (Mac Fhlannchadha, cumarsáid phearsanta). Moltar don Bhainisteoir Teanga tacú leis na himeachtaí sin trí fheachtas earcaíochta a chur ar bun, i gcomhar leis na scoileanna áitiúla, d'fhonn breis daoine óga a chlárú ann.
- (b) Níl craobh d'Ógras ag feidhmiú sa cheantar faoi láthair. Moltar don Bhainisteoir Teanga fiosrú a dhéanamh le hÓgras féachaint an bhféadfaí craobh a bhunú ionas go gcuirfí imeachtaí ar siúl ó cheann ceann na bliana.
- (c) Moltar don Bhainisteoir Teanga fiosruithe a dhéanamh le hÚdarás na Gaeltachta féachaint conas a d'fhéadfaí an eagraíocht Óige na Gaeltachta a chur ag feidhmiú ar bhealach níos gníomhaí sa cheantar.

8.6 Úsáid na Gaeilge i measc daoine fásta

Is léir ó shuirbhé Chonradh na Gaeilge go bhfuil an-éileamh ar ranganna Gaeilge do dhaoine fásta ag réimse leathan leibhéal. Is luachmhar an fhaisnéis í seo. Moladh faoi 7.1 thuas go gcuirfí ranganna dá leithéid ar fáil san Ionad Tacaíochta Gaeilge. Faoi mar a scríobh Mac Donnacha et al (2004: 60) faoi cheantar Chorr na Móna, áfach, ní leor ranganna Gaeilge amháin chun cur le húsáid na Gaeilge i measc an phobail.

- (a) Ní fiú ranganna Gaeilge a chur ar fáil murar féidir a bheith ag súil leis go gcuirfear le húsáid na Gaeilge sa phobal ina dhiaidh sin. Moltar go mbeadh modúl ar úsáid teanga mar chuid de na ranganna Gaeilge a chuirfí ar fáil.
- (b) Moltar daoine atá ag obair sa phobal, mar shampla san earnáil phríobháideach, a oiliúint le bheith ina spreagaitheoirí teanga, is é sin iarracht a dhéanamh comhrá a thosú i nGaeilge nó conas comhrá a iompú go Gaeilge srl. (féach 7.7 thíos; féach chomh maith Mac Donnacha et al, 2004: 61).

8.7 An tírdhreach teangeolaíoch

Tagraíonn an tírdhreach teangeolaíoch d'úsáid na teanga ar chomharthaí poiblí ar an tsráid, i gcomhlachtaí poiblí, príobháideacha nó deonacha (Shohamy, 2006). Tugann an tírdhreach teangeolaíoch léargas ar mhianta an phobail i leith na teanga. I gceantar lag Gaeltachta ar nós Mhaigh Cuilinn, is rídheacair dul i bhfeidhm ar chleachtas príobháideach teanga ach más mian leis an gceantar a stádas Gaelachta a choimeád, caithfear an Ghaeilge a dhéanamh níos sofheicthe sa cheantar. Tá sé thar a bheith suntasach go bhfuil a laghad sin comharthaí Gaeilge crochta sa sráidbhaile.

- (a) Moltar go gcuirfidh an Bainisteoir Teanga scéim ar bun chun céatadán áirithe de chomharthaí príobháideacha an tsráidbhaile a aistriú go Gaeilge nó a dhéanamh dátheangach laistigh de thréimhse áirithe ama. D'fhéadfaí an scéim seo a thosú le líon beag siopaí/gnólachtaí agus í a fhorbairt de réir a chéile.

- (b) Moltar go lorgóidh an Bainisteoir Teanga comhairle ó Údarás na Gaeltachta maidir lena scéim ‘An Baile Beo’, a bhfuil sé d’aidhm aici an Ghaeilge a dhéanamh níos feiceálaí sa Ghaeltacht⁵.
- (c) Moltar go lorgódh an Bainisteoir Teanga comhairle ó Ghaillimh le Gaeilge maidir le forbairt an dátheangachais ar chomharthaíocht phríobháideach.

8.8 An earnáil phríobháideach

Tá nasc láidir idir an tírdhreach teangeolaíoch agus an earnáil phríobháideach in aon sráidbhaile. Is éard a thuigtear le forbairt na Gaeilge i measc comhlachtaí príobháideacha go mbeadh níos mó den teanga labhartha in úsáid i siopaí agus i ngnólachtaí an bhaile. Léirigh suirbhé Chonradh na Gaeilge go bhfuil suas le duine as ceathrar a labhraíonn an Ghaeilge go laethúil sa bhaile, ach gur lú an Ghaeilge a úsáidtear i siopaí agus i ngnólachtaí. Mar sin, d’fhéadfaí scéimeanna a bhunú chun cur leis an úsáid sin.

- (a) Moltar don Bhainisteoir Teanga an scéim fhónta chun úsáid na Gaeilge a spreagadh in ollmhargadh SuperValu a bhuanú agus a fhorbairt (Mac Fhlannchadha, 2009).
- (b) Moltar scéim spreagtha Gaeilge a chur ar bun i líon áirithe siopaí/gnólachtaí ar an mbaile ar bhonn pólótach. D’fhéadfaí duais a thairiscint don siopa/don oibrí is fearr a dhéanann iarracht úsáid na Gaeilge a spreagadh ar an mbaile. Bheadh tacaíocht don scéim seo ar fáil ó Ghlór na nGael.
- (c) Moltar don Bhainisteoir Teanga caidreamh a bhunú le Gaillimh le Gaeilge féachaint an bhféadfaí cúraimí na heagraíochta sin a leathnú go Maigh Cuilinn amach anseo.

8.9 An earnáil dheonach agus phobail

Tá freagracht ar Údarás na Gaeltachta i leith gnéithe den fhorbairt phobail sa Ghaeltacht agus cuireann sé réimse scéimeanna ar fáil a bhféadfadh pobal Mhaigh Cuilinn leas a bhaint astu. Tá freagrachtaí ar an eagraíocht áitiúil forbartha pobail beag beann ar an Údarás. Luaitear seirbhísí eaglasta faoin rannóg seo chomh maith.

⁵ Cé gur cuireadh deireadh leis an scéim seo i 2009 de cheal maoinithe, dúirt Údarás na Gaeltachta gur mhian leo go ndéanfaí athbheochan uirthi i bhfad na hamsire.

- (a) Níl FPMC cláraithe le hÚdarás na Gaeltachta mar eagraíocht phobail, cé go mbíonn teagmháil rialta idir an dá eagraíocht. Faoi láthair, tá FPMC ag brath ar fhoireann neamhbhuan agus ar oibrithe deonacha. Moltar do FPMC dlús a chur le hiarrachtaí chun Oifigeach Forbartha Pobail lánaimseartha, a bhfuil Gaeilge aige/aici, a fhostú chomh luath agus is féidir, le cabhair ó Údarás na Gaeltachta. Bheifí ag súil le comhoibriú láidir idir an tOifigeach Forbartha Pobail agus an Bainisteoir Teanga.
- (b) Moltar d'Údarás na Gaeltachta oifigeach dá gcuid a chur chuig an Ionad Tacaíochta Gaeilge ar bhonn rialta chun comhairle a chur ar an bpobal faoi fhorbairt ghó agus forbairt phobail trí chéile (féach 7.1 thuas).
- (c) Ag brath ar mhaoiniú, moltar do FPMC leagan dátheangach den suíomh gréasáin www.moycullen.net a sholáthar agus a uasdátú go rialta. Cé go dtugann an leathanach baile le tuiscint go bhfuil leagan Gaeilge ar fáil, is beag den eolas atá i nGaeilge. Moltar an suíomh a bhunú ar mhúnla www.deise.ie, suíomh gréasáin Chomhlacht Forbartha na nDéise i nGaeltacht Phort Láirge (féach 5.1 thuas). Moltar níos mó Gaeilge a úsáid in *Moycullen Matters* chomh maith. Bheadh an cúram seo le comhlíonadh ag an Oifigeach Forbartha Pobail agus an Bainisteoir Teanga araon.
- (d) Luadh an gá le seirbhísí eaglasta trí Ghaeilge i suirbhé Chonradh na Gaeilge. Moltar don Bhainisteoir Teanga dul i gcomhairle leis an gcléir áitiúil agus le Deoise Chontae na Gaillimhe féachaint an bhféadfaí cur le húsáid na Gaeilge i seirbhísí eaglasta.
- (e) Moltar teagmháil a dhéanamh leis na clubanna, coistí agus eagraíochtaí ar fad atá gníomhach sa cheantar chun cabhrú leo pleananna Gaeilge dá gcuid féin a ullmhú agus a fheidhmiú go himheánach. Bheadh an cúram seo le comhlíonadh ag an mBainisteoir Teanga.

8.10 Cathair na Gaillimhe

Toisc nach bhfuil ach 10 gciliméadar slí idir Maigh Cuilinn agus Cathair na Gaillimhe, ní féidir ceist na Gaeilge ar an mbaile a phlé beag beann ar cheist na Gaeilge sa chathair. Is dlúthchuid de shaol an phobail í an chathair: is i nGaillimh a chuirtear go leor de sheirbhísí an stáit ar fáil (ospidéal, oifigí na Comhairle Contae, seirbhísí mótarchánach, iarratais ar chead pleanála, leabharlanna poiblí) chomh maith le réimse leathan saoráidí príobháideacha (seirbhísí tráchtála, fóillíocht agus siamsaíocht srl.).

- (a) Moltar go gcothóidh an Bainisteoir Teanga ceangal le hOifigeach Gaeilge Chomhairle Chontae na Gaillimhe féachaint le fógraíocht a dhéanamh i measc phobal Mhaigh Cuilinn faoi na seirbhísí Gaeilge atá á dtairiscint ag an gComhairle ina Scéim Teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Ba cheart úsáid a bhaint as *Moycullen Matters* agus as www.moycullen.net chuige sin agus fógraí poiblí faoi a chrochadh i siopaí an tsráidbhaile.
- (b) Moltar go gcothófar ceangal níos dlúithe le Gaillimh le Gaeilge (féach 7.4 agus 7.5 thuas).
- (c) Dá socródh an rialtas gur cheart stádas mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta a bhronnadh ar Ghailimh, bheadh impleachtaí móra aige sin do Mhaigh Cuilinn. Moltar don Bhainisteoir Teanga stocaireacht a dhéanamh chun go mbainfear an stádas sin amach.

9 Conclúid

Tá na moltaí a dhéantar sa tuarascáil seo ag brath ar chúinsí seachtracha nach bhfuil smacht ag pobal Mhaigh Cuilinn orthu. Ar an gcéad dul síos, ní féidir iad a chur i gcrích gan sruth cinnte maoinithe, a mhairfeadh cúig bliana ar a laghad. Chomh maith leis sin, agus an tuarascáil seo á scríobh, bhí bailchríoch á cur ag an rialtas ar an *Straitéis Náisiúnta Fiche Bliain don Ghaeilge*, a bhí le foilsiú faoi shamhradh 2009. Mar chuid den Straitéis sin beidh freagra an rialtais ar na moltaí a rinneadh sa SCT. Ní fios cé na himpleachtaí a bheidh ag an Straitéis don phleanáil teanga ag an leibhéal áitiúil, ná don TPT. Táthar ag súil, áfach, go dtabharfaidh an chéad Straitéis Náisiúnta don Ghaeilge le blianta fada an t-aitheantas is dual d'fhorbairt na Gaeilge i gceantair imeallacha Ghaeltachta ar nós Mhaigh Cuilinn.

TAGAIRTÍ CLÓITE AGUS LEICTREONACHA

- An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2008a. Daonáireamh 2006. *Imleabhar 9: An Ghaeilge*. Corcaigh: POS.
- An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2008b. Staidrimh Daonra i gCeantair Bheaga. Faisnéis de réir toghroinne ceantair. Ar fáil ag: <http://www.cso.ie/census/SAPs.htm> (léite 1 Bealtaine 2009).
- An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta, 2004. ‘Conradh i ndáil le Staidéar Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht Fógraithe ag Ó Cuív’. Preasráiteas, 31 Eanáir. Ar fáil ag: <http://www.pobail.ie/ie/Preaseisiuinti/2004/Eanair/htmltext,4017,ie.html> (léite 25 Feabhra 2005).
- Coimisiún na Gaeltachta, 2002. *Tuarascáil/Report*. BÁC: An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta & Oileán.
- Comhairle Chontae na Gaillimhe, 2005. *Moycullen Local Area Plan*. Gaillimh: Comhairle Chontae na Gaillimhe.
- Comhairle Chontae na Gaillimhe, 2008. *Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta 2008-2014*. Gaillimh: Comhairle Chontae na Gaillimhe.
- Conradh na Gaeilge & Forbairt Phobail Mhaigh Cuilinn, 2008. *Suirbhé ar Staid na Gaeilge i Maigh Cuilinn*. Maigh Cuilinn: Conradh na Gaeilge.
- Cooper, R.L., 1989. *Language Planning and Social Change*. Cambridge: CUP.
- Cronin, M., 2005. *An Ghaeilge san Aois Nua/Irish in the New Century*. BÁC: Cois Life.
- Crowley, T., 2000. *The Politics of Language in Ireland 1366-1922: A Sourcebook*. London: Routledge.
- Crystal, D., 2000. *Language Death*. Cambridge: CUP.
- Ethnologue, 2004. ‘Introduction to the Printed Volume’ [Ar líne]. Ar fáil ag: http://www.ethnologue.com/ethno_docs/introduction.asp (léite 26 Aibreán 2005).
- Federation for Endangered Languages, 2004. ‘Manifesto’ [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.ogmios.org/manifesto.htm> (léite 26 Aibreán 2005).
- Fishman, J.A. (eag.), 2000. *Can threatened languages be saved? Reversing Language Shift revisited*. Clevedon: Multilingual Matters.
- Fishman, J.A., 1991. *Reversing Language Shift: Theoretical and Empirical Foundations Of Assistance to Threatened Languages*. Clevedon: Multilingual Matters.
- Forbairt Phobail Mhaigh Cuilinn, 2009. *Staidéar ar Riachtanais Infreastruchtúir an Phobail i Maigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe*. Maigh Cuilinn: FPMC.
- Grin, F., 2003. *Language Policy Evaluation and the European Charter for Regional or Minority Languages*. Houndmills: Palgrave Macmillan.
- Hornberger, N., 2006. ‘Frameworks and Models in Language Policy and Planning’. I: Ricento, T. (eag.) *An Introduction to Language Policy: Theory and Method*. Malden: Blackwell, 24-42.
- Kaplan, R.B. & Baldauf, R.B., 1997. *Language Planning: from practice to theory*. Clevedon: Multilingual Matters.
- LeBlanc, M., 2003. *L’aménagement linguistique au Nouveau-Brunswick : l’état des lieux*. Moncton: Université de Moncton.
- Mac Donnacha, J., 2000. ‘An Integrated Language Planning Model’. *Language Problems and Language Planning*, 24 (1), 11-35.
- Mac Donnacha, S., Ní Labhradha, M. & Ní Ghriallais, C., 2004. *Scéim Pleanála Teanga do Cheantar Chorr na Móna, an Mháma, na Fairche agus na Cloiche Brice*. Gaillimh: Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Mac Fhlannchadha, P., 2009. ‘SuperValu don Ghaeilge’. *Galway Advertiser*, 30 Aibreán, 30.

- Mac Giolla Chríost, D., 2006. *The Irish Language in Ireland: From Goídel to Globalisation*. Londain: Routledge.
- Mac Síomóin, T., 2005. *Ceachtanna ón gCatalóin? Teanga i ngleic le nua-liobrálachas*. BÁC: Coiscéim.
- Mac Síomóin, T., 2006. *Ó MHÁRSA GO MAGLA: Straitéis nua don Ghaeilge*. BÁC: Coiscéim.
- May, 2004. *Ethnicity, Nationalism and Minority Rights*. Cambridge: Cambridge University Press.
- McCloskey, J., 2001. *Guthanna in Éag: an mairfidh an Ghaeilge beo?/Voices Silenced: has Irish a Future?* BÁC: Cois Life.
- Ní Mhaoláin, N., 2005. *Ár bPolasaí Gaeilge: Polasaí na Gaeilge do Ghaelscoileanna*. BÁC: Gaelscoileanna Teo.
- Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A. & O'Brien, M., 2007. *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Tuarascáil Chríochnaitheach*. Gaillimh: An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta.
- Ó hIfeárnáin, T., 2006. *Beartas Teanga*. BÁC: Coiscéim.
- Ó Murchú, H. & Ó Murchú, M., 1999. *An Ghaeilge: a hAghaidh Roimpi/Irish: Facing the Future*. BÁC: EBLUL.
- Ó Murchú, H., 2001. 'An Ghaeilge mar Theanga Neamhfhorleathan'. I: Ó hUiginn, R. (ed.) *Ceist na Teanga: LCC XXXI*. Maigh Nuad: An Sagart, 150-224.
- Ó Riagáin, P. & Ó Gliasáin, M., 1994. *National Survey on Languages 1993: Preliminary Report*. BÁC: ITÉ.
- Ó Riagáin, P., 1988. 'Bilingualism in Ireland 1973-1983: an overview of national sociolinguistics surveys'. *International Journal of the Sociology of Language*, 70, 29-52.
- Ó Riagáin, P., 2008. 'Irish-language policy 1922-2007: Balancing Maintenance and Revival'. I: Nic Phóidín, C. & Ó Cearnaigh, S. (eag.) *A New View of the Irish Language*. BÁC: Cois Life, 55-66.
- Ricento, T., 2006. 'Theoretical Perspectives in Language Policy: An Overview'. I: Ricento, T. (ed.) *An Introduction to Language Policy: Theory and Method*. Malden: Blackwell, 3-10.
- Shohamy, E., 2006. *Language Policy: Hidden Agendas and New Approaches*. London: Routledge.
- Spolsky, B., 2004. *Language Policy*. Cambridge: Cambridge University Press.
- Údarás na Gaeltachta, 2009. 'Gorlann na Gaeilge oscailte go hoifigiúil'. Preasráiteas, 20 Feabhra.
- Walsh, J., 2004. *An teanga, an cultúr agus an fhorbairt: cás na hÉireann agus cás na Gaeilge*. BÁC: Coiscéim.
- Walsh, J., 2006a. 'Ensuring the Irish language has its place'. *The Irish Times*, 10 Márta.
- Walsh, J., 2006b. 'Language and socio-economic development: experiences from the Scottish Gàidhealtachd and the Irish Gaeltacht'. I: McLeod, W. (eag.) *Revitalising Gaelic in Scotland*. Dún Éideann: Dunedin Academic Press, 257-278.

AGALLAIMH AGUS CUMARSÁID PHEARSANTA

- Breathnach, G., 2009. Agallamh le Gearóid Breathnach, Áisitheoir Teanga, Comharchumann Rath Chairn. 14 Eanáir. Agallamh teileafóin.
- De Barra, C., 2009. Agallamh le Cabríní de Barra, Áisitheoir Teanga na nDéise, 12 Eanáir. Agallamh teileafóin.
- Mac Fhlannchadha, P., (peadarconradhnagaeilge@eircom.net) 11 Bealtaine 2009. Ábhar: Taighde Mhaigh Cuilinn. Ríomhphost chuig John Walsh (john.walsh@oegaillimh.ie).

Mac Thómais, U., 2008. Agallamh le hUinseann Mac Thómais, Oifigeach, An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta. Na Forbacha, Co. na Gaillimhe, 18 Nollaig.

Ní Chualáin, M., 2009, (MniChualain@pobail.ie) 2 Aibreán 2009. Ábhar: ceist faoi SLG i Maigh Cuilinn. Ríomhphost chuig Hugh Rowland (hugh.rowland@nuigalway.ie).

Ní Loingsigh, N., 2009. Nóra Ní Loingsigh, Leas-Phríomhfheidhmeannach, Gaelscoileanna Teo., cumarsáid phearsanta le John Walsh, 16 Bealtaine.

Nic Seoin, S., 2009. Agallamh le Caitriona Nic Seoin, Bainisteoir Teanga, Lár-Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille. Agallamh ríomhphoist. 15 Márta.

Nic Síomóin, M., 2009. Agallamh le Maggi Nic Síomóin, Áisitheoir Teanga, Comharchumann Forbartha Dhúiche Sheoigheach. Agallamh teileafóin, 13 Eanáir.

Ó hIfearnáin, T., (tadhg.ohifearnain@ul.ie) 14 Eanáir 2009. Ábhar: Ceist maidir leis na difríochtaí idir an TPT agus Gaeilge 2010. Ríomhphost chuig Hugh Rowland (hugh.rowland@nuigalway.ie).

Ó Maoláin, P., 2009. Agallamh le Peadar Ó Maoláin, Feidhmeannach Teanga, Údarás na Gaeltachta. Na Forbacha, Co. na Gaillimhe, 26 Eanáir.

Pasoma, F., 2009. Agallamh le Fiona Pasoma, Áisitheoir Teanga, Céim Aniar, Ros Goill. Agallamh teileafóin, 13 Eanáir.

Ratcliffe, P., 2009. Agallamh le Peadar Ratcliffe, Áisitheoir Teanga, Comharchumann Forbartha Árann. Agallamh teileafóin, 12 Eanáir.